


Pléaráca 92

Uimh 2

£1



**NA CEARTA
SIBHIALTA**

NA BÁID

STAIR ÁITIÚIL

TUAIRIMÍOCHT

**SEAN GHRIAN
-GHRAFANNA**

**CLÁR AN
PHLÉARÁCA**

BÉALOIDEAS

**SEAN
AMHRÁIN**

*... agus go
leor eile!*

Raidió na Gaeltachta



FICHE BLIAIN AG FÁS

*Scéalta Beaga agus Scéalta Móra
Ceol, Cabaireacht agus Cuideachta
ó Adhmhaidin go Tráthnóna*

**Bíonn muid ar fáil gach uile lá den bhliain.
Ná bíodh drogall oraibh labhairt linn**

**Craoladh beo ar
FM/VHF
ar fud na tíre**

Foireann Eagarthóireachta:

Donncha Ó hÉallaithe, Ruaidhrí Ó Tuairisg agus Caomhán Ó Scoláí.

Buiochas:

Tá an fhoireann eagarthóireachta an-bhuíoch do ÁINE DE BHAILÍS (Áras Uí Chadhain) agus d'Éilis Ní Dhorchaí (An Bradán Feasa), a rinne an clóchur.

Tá buiochas ag dul chomh maith do CHLÓDÓIRÍ LURGAN agus do Mhicheál Ó Braonáin a bhí chomh foighdeach linn.

Táimid thar a bheith buíoch do na daoine go léir a scríobh altanna dhúinn agus a chuir grianghrafanna ar fáil, gan pingin ná leathphingin a fháil.

B'é Caomhán Ó Scoláí (Stiúideo Omega, 091-92533) a rinne an leagan amach slachtmhar ar an iris.

Sé an fhoireann eagarthóireacht atá freagrach as aon bhotún. Maith dhúinn iad.

Táimid fíor buíoch dár bhfógróirí a chuir ar ár gcumas an iris seo a dhíol ar phraghas réasúnta.

Coiste Phléaraca Chonamara '91:

Máire Uí Ghiobúin (Comharchumann Turasóireacht Chonamara agus Árann)
Gearóid Ó Cosgorda (Comharchumann Chonamara Thiar)
Máire Bheibigh (Coiste Pobail Chamuis)
Colm Ó Cinneala (Na Forbacha)
Donncha Ó hÉallaithe (Cois Fharraige)
Mairéad Ní Chualáin (Muintearas)
Peigín Ní Chonghaile (Muintearas)
Aingel Ní Chonghaile (Ros Muc)
Peadar Tommaí (An Cheathrú Rua)
Hillary Nic Cába (An Cheathrú Rua)
Nóirín D'arcy (Cósta Chonamara)
Máire Uí Chonghaile (Ros Muc)

Tá an Coiste Eagraithe an bhuíoch do na daoine seo leanas a thug cúnaimh dhúinn imeachtaí a reachtáil:

Martina Goggin (An Spideal)
John Dáirb Ó Fíatharta (Áras Uí Chadhain)
Pádraig Breathnach (Macnas)
Bob Quinn (Cinegael)
Miriam Allen (Fleadh Scannan na Gaillimhe)
Tim Robinson, Folding Landscapes
Liam Mac an Iomaire, Doire Né
Noel Browne, Baile na hAbhann
An tAith Ó Catháin, Camus
Joe Bheibigh (Na Forbacha agus Camus)
Pádraig Ó hAoláin (Údarás na Gaeltachta)
Peadar Ó Maoláin (Údarás na Gaeltachta)
Trevor Ó Clochartaigh (Na Fánaithe)
Pádraig Ó hÉalaí (Cumann Bhéaloidas Chonamara)
Máirtín Jaimsie (Raidió na Gaeltachta)
Mairéad Nic an Iomaire (An Cheathrú Rua)
Máirtín Tom Shéainín Mac Donncha (RnaG)
Johnny Shéamais Ó Conghaile (Raidió na Gaeltachta)
Seán Bán Breathnach (Raidió na Gaeltachta)
Caitlín Uí Chonghaile (Gairmscoil an Phiasaigh)
Máire Féiréar (Muintearas)
Marion Nic an Iomaire (An Dánlann)
Brian Ó Baoill (Cumann Forbartha Chois Fharraige)
Séan de Cléir (Muintearas)
Ivan Mac Philip (Comharchumann Shailéarna)
Peadar Mac an Iomaire (Áras Uí Chadhain)
Áine de Bhailís (Áras Uí Chadhain)
Seosamh Ó Cuaig (Cill Chiaráin)
Seosamh Ó Giobúin (Camus)
Pádraig Ó Loideáin (Camus)
Pádraig Ó Neachtain (Camus)
Máire Uí Chonghaile (Camus)
Pádraig Ó Fíatharta (Camus)
Pat Welby (Camus)
Séamas Ó Fiannachta (Camus)
Colmán Ó Fíatharta (Camus)

Róisín Ní Shúilleabháin (Camus)
Cristóir Ó Súilleabháin (Camus)
Pádraig Finnerty (Camus)

Aine Ní Dhubháin (Camus)
Micheál Ó Fiannachta (Camus)
Pádraig Ó Fiannachta (Camus)
Peadar Ó hOibicín (Camus)
Pádraicín Robert Mac Donncha (Camus)

Pádraig Ó Dubháin (Camus)
Máirtín Ó Dubháin (Camus)
Marc Mac Donncha (Camus)
Pádraig Ó Conghaile (Camus)
Bertie Tim Ó Conghaile (Camus)

Máire Uí Chonghaile (Camus)
Colm Mhichael Labhráis Breathnach (Camus)
Paidí Mhichael Labhráis Breathnach (Camus)
John Mhichael Labhráis Breathnach (Camus)

Mait Seoghe (Camus)
Máirtín Ó Mainnín (Camus)
Céilín Grialais (Camus)
Neansaí Uí Fhiannachta (Camus)

Tommy Ó Méalóid (Camus)
Tommy Kate Ó Mainnín (Camus)
Máirtín Ó Conghaile (Camus)

Paidí Ó Tuathail (Camus)
Cristóir Breathnach (Ros Muc)
Johnny Mháirtín Learaí (Leitir Ard)

Aine Ní Dhubháin (Carna)
Máirí Joe Shéamais Ó Fíatharta (An Cnoc)
Johnny Ó Conghaile (Indreabhán)
Foireann an Bheir i gCamus & sna Forbacha

Seán Ó Cearbhaill, Dlíodóir
Laili Lamb (de Buitléir)
Réamonn Ó Fíatharta, Dánlann an Spidéil

Na Bádóirí go léir
Pádraig Ó Conghaile (G.C. LEICTREACH, Ros Muc)
Réamonn Ó Mainnín (Ros Muc)

Joe Steve Ó Neachtain (Chois Fharraige)
Pádraig de Bhaldraithe, Cumann Seoltóireachta Chuan Chasla

Tomás Ó Neachtain, An Spidéil
Ray McBride, Gaillimh
Pat Bracken, Gaillimh

Diarmuid de Faoite, Kathie Prince, Síle Nic Conaonaigh (Na Fánaithe). Na ceoltóirí, na tili, na fionadóirí a chuir siamsalocht ar fáil le linn an Phléaraca

Ach go speisialta, tá Coiste an Phléaraca thar a bheith buíoch do thriúr a d'obrígh ó mhaide go faoithin, lena chinníú go néireodh leis an fhéile, siad san MÁIRE UÍ GHIÓBÚIN (Camus), ÁINE NÍ DHÚBHÁIN (Muicneach) agus KATE NÍ DHONNCHA (Máimín).

Táimid thar a bheith buíoch chomh maith do CAOMHÁN Ó SCOLÁÍ (Stiúideo Omega - 091/92533) a dhearadh an postaeir agus an bhroisear dhúinn agus a leag amach an iris agus Gearóid & Mandy Ó Murchú (An Spailpín Fánach) a rinne na t-éinte ar bheagán fógra.

Táimid buíoch do na daoine go léir i gCamus, a thug cúnaimh dhúinn leis an gcéad dheireadh seachtaine a eagrú. Is cinnte go bhfuil daoine fágha ar lár againn. Ní d'aon turas é. Táimid buíoch dóibh siúd chomh maith.

Buiochas speisialta le foireann Raidió na Gaeltachta as pobliocht agus eolas a thabhairt agus as imeachtaí a chraoladh.

Urraithe an Phléaraca:

Seo leanas na heagraíochtaí agus na comhluchtaí gnó a thug urraíocht flaithiúil dúinn le PLÉARÁCA CHONAMARA '91 a reachtáil i mbliana: Roinn na Gaeltachta, Bord na Gaeilge, Sally agus Paddy O'Brien (Aran Seabird & Island Discovery), Comharchumann Chonamara Thiar, Muintearas, Cumann Táirgeochta Bradán Teo., Seán agus Mairéad Ó Foighil (Siopa an Phobail), Ostarán an Dóilín, An Chistin, Tigh Hughes, An Droighneán Donn, An Crúscín Lán, Ceol na Mara, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Teach Scribe, Tigh Pheacocke, Bord Soláthar Leictreachais, Tigh Chiarke & Tigh Mhicé, Saortha Chamuis, Criotáil Ros Muc, Telemara, Halla Éinne (an Cheathrú Rua) & Sruth Geal Teo.
Sintúis ó Mhicheál Ó Móráin, Carna agus duaiseanna ó Neansaí Bheag agus ó Casla Hatchery

Clár na hIrise

2. Eagarfhocal
3. Cruinniú na mBád i mBrest/Douarnenez
5. 500 bliain tar éis Columbus
7. Seán Chóilín
10. 10 mBliana ó shoin
13. Seandálaíocht Chonamara
15. Logainmneacha
17. CAMPAS – Inis Oírr & Enez Euza
18. Éamon a Búrc
20. Gluaiseacht Chearta Sibhialta
25. Focla & Pictiúir
26. Maitiú na Tamhnaí
28. Clár an Phléaraca
31. Ag Forbairt an Iarthar
32. Clár LEADER
34. Cas Amhrán 1
38. Cá'l siad anois?
40. Cas Amhrán 2
41. Féinrialtas ar Mhanainn
43. Peadar Chois Fharraige
45. Teilifís na Gaeltachta
47. Ionad Eachtraíochta Scribe
49. Tógáil Curraigh sa Bhriotáin
50. Cill Chiaráin
54. Béaloidas na Scol

Clúdach: Seán Joe Choleman Mac Donncha, An Cheathrú Rua.

Bob Quinn a thóg an pictiúr agus tá sé ar cheann de na grianghrafanna a bheas le feiceáil sa taispeántas 'Muintir Chonamara agus Árann' in Dánlann Ealaíne an Spidéil i rith seachtain an Phléaraca.

Eagarfhocal

Radió na Gaeltachta: Faoi Bhláth nó ag Meath?

"Is maith ann Radió na Gaeltachta. Sin é an rud is fearr a d'fhéadfaí a rá fúithi. Agus ní beag mar mholadh é, go háirid nuair a chuimhníonn tú ar an méid rudaí ar an saol seo nach bhfeadfaí a rá gur maith ann iad."

Scríobh an tAthair Eric Mac Fhinn, go ndéana Dia grásta air, an méid thuas san iris 'Tuairisc', i lár na seachtóidí. Muide, atá ag eagrú Pléaraca Chonamara '92, tuigean muid gur maith ann do Radió na Gaeltachta. Bheadh sé fíor dheacair féile mar seo a eagrú gan an Radió. Tugann sé poiblíocht den scoth i gcónaí do imeachtaí áitiúla, ach an phoiblíocht a iarradh. Cuireann foireann oibre RnG imeachtaí i láthair, gan pingin ná leathphingin a iarradh. Craoltar imeachtaí ar an Radió, le deis a thabhairt do chuile dhuine sa phobal agus ar fud na tíre, an fhéile a bhlaiseadh. Murach Radió na Gaeltachta, gach seans nach mbeadh Pléaraca Chonamara ann, agus dá mbeadh sé ann is cinnte nach mbeadh sé chomh maith is atá.

Ach an méid sin ráite, níl muid sásta leis an Radió. Ceapann muid go bhféadfadh sé bheith i bhfad níos fearr. Tá foireann mhór oibre ann i gcomparáid leis na stáisiúin áitiúla. Tá coinníollacha maithe ag an bhfoireann - pá mhaith, neart ama saor agus buansheasamhacht sa phost.

Gan fiacal a chur ann tá caighdeán cuid mhaith den ábhar a chraoltar as Conamara go dona. Briotaireacht cainte, fíor dhrochcheol go minic, easpa ullmhúcháin, líonadh ama, leadrántacht, easpa samhalaíochta, leisciúlacht, na lochtanna is mó atá le sonrú ar chuid dena cláracha. Bíonn cuid den cheol chomh dona sin gur deacair éisteach leis. Léitear an nuacht chomh dona amanntaí gur deacair, bun ná barr a dhéanamh den scéal. Is féidir na lochtanna sin uile a leigheas ach an toil a bheith ann.

Tá lochtanna ar an ábhair chomh maith. Tá neart cúrsaí reatha ar an Radió idir Adhmhaidin agus Nuacht ach ní dhéantar aon chóradh ceart riamh ar an Radió ar fhadhb ar bith a bhaineann leis an gceantar. Míreanna ó pholaiteoirí nó urlabhraithe is mó a bhíonn ar Adhmhaidin - soundbytes. Shílfeá go bhfuil cosc ar an Radió freastal a

dhéanamh ar dhéagóirí.

Ba chóir an radió a oscailt don phobal éisteachta, tré dhíospóireacht a ghríosadh sa phobal faoi na hábhair is mó atá ag déanamh buartha do dhaoine. Ba chóir go mbeadh deis ag an bpobal glaoch isteach agus ceisteanna a chur ar pholaiteoirí nó casaoide dhéanamh leo nó tuairimí a thabhairt. Tá an deis sin ar chlár Marion Finnucine, ar Radió 1. Níl an deis sin ag pobal na Gaeltachta ar Radió na Gaeltachta. Ba chóir go mbeadh cead ag coistí pobail, a gcláracha féin a dhéanamh le craoladh ar an radió.

Deirtear linn go bhfuil ganntanas foirne sa seomra Nuacht agus gur sin é an fath nach féidir an tseirbhís nuachta a fheabhsú. Ach tá iriseoirí curtha amú ag réiteach scéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta i gCasla th'eis go bhfuil an nuacht ceannann céanna dhá cur le chéile i mBaile Átha Cliath ag foireann nuachta RTÉ. D'fhéadfaí triúr iriseoir a shaoradh, le dul ag obair ar nuacht áitiúil dá dtógfaí an nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ó Bhleá Cliath, mar a dhéantaí i dtús ré an radió. Má tá

iriseoirí RTÉ sách maith le mír na nuachtáin a dhéanamh gach maidin ar RnG, shílfeá go mbeidís inghlactha ag léamh na nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.


Fuair Radió na Gaeltachta moladh mór faoi Cháisc, nuair a bhí an comóradh scór bliain ar bun. Is minic gur iad an dream is glóraí, a thugann moladh mór don radió go poiblí, an dream is binibí dá cháineadh is ag gairí faoin bhfoireann, go príobháideach. Teastaíonn cáineadh agus léirmheas féaráilte ón Radió chomh maith leis an moladh.

Tá Comhairle nua ceapaithe, le gairid ar an Radió. Níor tugadh mórán aird ar an gcomhairle deireannach a bhí ann. Go deimhin bhíodh cuid den fhoireann ag maíomh as an drochmheas a bhí acu ar an gComhairle. Is trua gur ar bhonn pholaitiúil agus ar bhonn chairdis leis an Aire, a piocadh an Comhairle nua. Ach sin ráite, tá súil againn go dtapóidh an Comhairle an deis, moltaí a chur os comhair ceannasaíocht an stáisiúin radió, a chuirfidh feabhas ar an seirbhís. Ar ndóigh ní fiú tada moltaí iontacha a chur le chéile, má tá socraithe roimh ré ag an gceannasaíocht gan aird ar bith a thabhairt orthu.

Sa gcaoi is go mbeidh sé le rá sa bhliain 2012 go raibh an tarna tréimhse scór bliain "faoi bhláth", iarrann muid ar fhoireann an Radió agus go mór mhór ar an gceannasaíocht, comhoibriú go hiomlán le Nioclás Ó Conchúir agus an Comhairle nua, le barr feabhas a chur ar an seirbhís. Mura mbeidh an comhoibriú sin ann, d'fhéadfadh sé tarlú gur ag meath a bheas Radió na Gaeltachta, sa scór bliain atá romhainn, gan tíocht faoi bhláth. *



Tom Sally sa scannán 'Conneely's Choice' a déanadh sa gCeathrú Rua anuraidh agus a bheas le feiceáil sa gCistin ar an gCéadaoin an 16ú Meán Fómhair. In éindigh leis tá Brendan Gleeson. I measc na daoine eile atá páirteach sa scannán tá Tom Deairb, Treasa Ní Fhátharta agus Josie Ó Loideán.



Cruinniú na mBád i mBrest/Douarnenez

Maidin bhreá ghrianmhar a bhí inti nuair a chrochamar na seolta ar an "Mac Duach" i gCinn Mhara ag triall ar an bhFrainc agus cruinniú na mBád thall i mBrest. Is maith is cuimhin liom Colm Ó Maoilchiaráin agus é ag plánáil an halmadóir nua faoi dheifir, fiú agus muid ar an mbealach siar go céibh na Páirce Móire.

Faoi dheireadh bhí muid ag seoladh siar caolaire na Gaillimhe i dteannta Tony Mór Moylan ar an nobby "Gladys of Peel" a choinnigh linn siar go Ceann Bóirne, slua mór ar bord aige ina measc Pat Sheoinín, agus a mhac Seán.

Siar amach Sunda Gregory bhí

Talmín de Bháldraithe

na fataí nite, bruite agus ite, John Beag ag gabháil an bháid agus muid ag déanamh ár mbealach faoi lán scóid agus an ghrian ag dul faoi nuair a bhris an crann go hobann. Tráthúil go leor ní raibh cloigeann ar bith sa mbealach agus stríoc muid go beo lán chinnte go raibh deireadh lenár dturas. Ar ais linn go Cill Rónáin, chuile dhuine diomúch agus isteach linn tí Joe Mac le haghaidh pionta. Maidin lá arna mhárach chuaigh muid go Caladh Thaidhg áit a raibh meitheal romhainn ar bharr na céibhe. Béifear go deo faoi chomaoín acu siúd a chuidigh linn crann an Mheiricean a chrochadh, a

leagadh isteach go cruinn i gceaptró an Mac Duach agus é a chóiriú i n-athuair le haghaidh an aistir chun na Fraince.

Ar ár mbealach arís tráthnóna, sheol muid amach sa sunda agus siar ó dheas. Aimsir bhreá chóiriúil ar feadh an ama go dtí gur shroich muid oileán Ouissant amach ó chósta na Briotáine. Maidin lá arna mhárach sheol muid go Brest i dteannta na gcéadta bád seoil ó chuile áit ar domhan, ina measc bhí an 'Morning Star' faoi stiúr Johnny agus Paul Healion, an "St. Patrick" faoi Paddy Barry, 'An Lady Mór'

(Thuas:) Taimín de Bháldraithe agus é ag baint boird as 'Laoch na Mara'

faoi Árannach, Ben Mac Donncha - agus 'Clóna na dTonn', ar le Barry Jones anois í.

B'álainn go deo an radharc iad uilig faoi lán tseoil i gcuán Bhrest, chuile chineál culaithe seoil orthu ag teacht le chéile don chruinniú is mó riamh de bháid thraidisiúnta. Deirtear go raibh os cionn 2,000 bád uilig i láthair i mBrest.

Chaitheamar cúpla lá i mBrest agus b'íontach an ceiliúradh a bhí ann. Bhí taispeántais ar fud an chalaphoirt - ceardaíocht, dealbhadóireacht, saothrú bád ina measc. Níor mhiste a luadh go raibh Brian Ó Carra thall agus taispeántas breá aige - rinne sé currach canbháis thall i mBrest ó thús go deireadh agus sáthadh thall í. Chuir mé féin an-tsúim sna taispeántais éagsúla, idir na mionbháid adhmaid de chuile chineál agus bailiúchán fíor shuimiúil - boscaí ceoil os cionn 500, cuid acu ó thús na haoise seo caite. Ara bhí neart ceoltóirí i láthair freisin i mbaile Bhrest ag casadh ar na stáitsí éagsúla sa gcalaphort agus baineadh an-tsásamh as an gceol agus as an amhránaíocht.

Bhí dinnéar mór ann an chéad oíche do na criúanna, thart ar 13,000 nó mar sin, faoi scáth seanchaisleán Bhrest agus b'álainn an radharc iad na seitseanna á ndamhsú le tionlacan cairdín, fidil, feadóg agus bodhrán.

Ar bhealach bhí an iomarca cuairteoirí i mBrest, deirtear go raibh os cionn 1.50 milliún ann i gcaitheamh na seachtaine agus níorbh aon chúis gáirí é dá gcaithfeá dul go dtí 'teach an asail' go práinneach.

Faoi dheireadh sheol na báid le chéile go Douarnenez - baile álainn sa mBriotáin. Tháinig Colm Ó Maoilchiaráin agus Tom Rua Mac an Iomaire linn ar an 'Mac Duach' an lá breá sin agus b'aobhinn an radharc é cuan Port @hu agus é breacaithe le báid seoil.

I rith na seachtaine sáthadh an 'Naomh Mac Dara' - púcán a rinne saor báid as Douarnenez agus bhain mé féin cúpla bord aisti sa gcuán. Ár ndóigh bhí seisiún ceoil ann chuile oíche agus cheapfainn féin gur mba dheise leis na bádóirí Douarnenez ná

Brest.

Tháinig sé liom i gcaitheamh an ama thall a laghad suime a chuireann rialtas na tíre seo i gcúrsaí mara agus an chaoi a scaoileadar uathu saibhreas agus maoin na mara nuair a shínigh siad conradh na hEorpa sa bhliain 1972, i leaba na mílte a bheith fostaithe ar mhuir is ar tír i dtionscal na hiascaireachta. Fiú forbairt turasóireachta anseo san Iarthar cá bhfuil na céibheanna foscúla ar chósta an Iarthair ní áirím céibh foscúil ar Inis Thiar ná ar Inis Meáin?


Chuaigh muid ar ancaire lá i

Máirt. D'fhan muid thar oíche ar oileán Ouissant. Maidin Dé Céadaoin thug muid ár n-aghaidh ó thuaidh agus shroich muid an Gleann Dara ar chósta Chorcaigh le maidneachan lae Dé hAoine - cóir na gaoithe linn i gcaitheamh an ama.

Ghlac muid páirt i bhféile báid agus d'éirigh linn buachaint ar Bhád Chonraí a bhí páirteach sa bhféile chomh maith.

Níorbh fhada go raibh muid ar ais arís i gCinn Mhara agus cé a bhí ann romhainn ar bharr na céibhe ach Tony Mór, bail ó Dhia air.

Míle buíochas do mhuintir na



Báid Chonamara le chéile i mBrest na Briotáine - An Lady Mór, Mac Duach, Clíodhna na dTonn, Morning Star agus Bád Chonraoi.

Douarnenez ach thriomaigh an bád ar bhloc mór concreíd nach raibh báite faoin talamh - an t-aon bhloc i measc na gcéadta a báthadh le haghaidh báid a fheistiú. Ar mí-ámhairí an tsaoil scoilteadh posta an bháid agus bhí faitíos orainn go mbrisfí an cíle, ach níor briseadh.

D'éirigh le Colm Ó Maoilchiaráin caoi mhaith a chur ar an bpost agus fad is a bhí an bád triomaithe cuireadh fáisceadh breise ar na strácaí íochair agus déanadh corcáil orthu go daingean.

Faoi dheireadh bhí sé in am baile agus d'fhágamar Douarnenez ar an

Ceathrún Rua a chuidigh linn. Buíochas faoi leith do Tom Deairbe, John Deairbe, Máirtín Ó Briain agus le chuile dhuine a chabhraigh go mór linn.


Buíochas faoi leith do Cholm Ó Maoilchiaráin agus a bhean Caitríona. Ba bhreá an radharc iad húicéirí na Gaillimhe thall ag an gcruinniú agus bratach na hÉirinn orthu i measc na mílte bád ó thíortha eile. Is ar éigin a bheas a leithéid de chruinniú arís ann.

Ár mbuíochas uilig do Chasse Maree agus Ar Vag a d'eagraigh an cruinniú.

500 Bliain tar éis Columbus

An tAth Gerry Willy Ó Fátharta

I mbliana tá An Bhreasail mar atá an chuid eile de thíortha Mheiriceá Theas ag comóradh "500 Bliain d'aimsiú an domhan nua", agus scaipeadh na Críostaíochta go dtí ilchríocha eile. Ba mhaith le go leor againn gur ócáid nó ceiliúradh lúcháireach, bhríomhar, chaithréimeach a bheadh inti. Ba mhaith linn a chreidiúint go dtáinig borradh, fás agus rath ar na daoine, ar a mbeatha agus ar a gcultúr de bharr an aimsiú seo, agus go raibh an Chríostaíocht páirteach sna gnéithe seo freisin.



An tAth. Gerry Willy Ó Fátharta, as na hAille, Indreabhán, agus é i mbun a chuid dualgaistí i measc na mbocht i mBreasail. Tá sé ag filleadh ar an Bhreasail go gairid.

Ach tá an dearcadh eile ann freisin, sé sin go gcaithfidh muid athbhreithniú a dhéanamh ar an stair oifigiúil agus breathnú ar ó thaobh peirspictíocht na nIudaí, na ndaoine gorma, na gcultúr mionlach ar fad a bhfuil dí-cheann déanta orthu ag an duine geal ón gcéad lá a leag sé cois ar thailte ilchrích Mheiriceá Theas.

Tá an stair i gcónaí claonta i dtreo nó i bhfábhair an té atá dá scríobh, nó i bhfocla eile i bhfábhair na gcaithréimithe. Nuair a shroich na

Spáinnigh agus na Portaingéiligh an "Domhan Nua" os cionn 500 bliain ó shin, bhuail siad le cultúir agus le sibhialtacht na Mayas, Aztecas agus na n-Incí, nach raibh a mac a' samhail le fáil in aon choirnéal eile den domhan, fiú san Eoraip. Taobh istigh de chúpla scór bliain bhí dúchasáí na dtailte sin dúnmharaithe nó iad lotaithe ag garlaí nó aicidí (epidemics) a scaip an duine geal. Mar sin ní féidir linn a rá, mar nach bhfuil ann ach dearg bhréag, gur aimsigh na Spáinnigh

agus na Portaingéiligh "an domhan nua". Ní féidir rud a aimsiú (discover) a bhfuil córas, saol agus beatha forbartha aige leis na mílte bliain. Mar sin, séard a tharla ná ionsaí barbartha agus slad mhí-thrócaireach ar phobail neamh-chosanta (indefensive) shíochánta. Áit a raibh cónaí ar na milliún Indí tráth, níl de dhaonra anois ann ach cúpla céad míle.

Ach ar ais linn go dtí an lá atá inniú ann. Is údar náire dom scaití a bheith orm a admháil gur Eorpach,

Comhlucht Iompar Clochmór Teo.

(Séamus Ó Scarláin)

Clochmór, Baile na hAbhann

Guthán: 091-93048

Mobile: 088-57-2307 & 088-57-2308

Conraitheoir Sludge

(Sludge Truck ar fáil ar chíos)

Dabhach Séarachais, Draentacha,

Dabhachanna srl.

Comhlucht Iompar Clochmór Teo.

(Séamus Ó Scarláin)

Clochmór, Baile na hAbhann

Guthán: 091-93048

Mobile: 088-57-2307 & 088-57-2308

Conraitheoir Sludge

(Truc Iompar ar fáil ar chíos)

Gainneamh, Clocha, Gairbhéal,

Chips Sráide, Blocanna.

"... Is údar náire dom scaití a bheith orm a admháil gur Eorpach, fear bán agus Críostaí mé. Mar gheall ar an "aimsíú" seo tá móraimh na ndaoine bochta, dearóil, brúite faoi chois, agus an chumhacht ar fad tógtha ag mionlach beag ..."

fear bán agus Críostaí mé. Mar gheall ar an "aimsíú" seo tá móraimh na ndaoine bochta, dearóil, brúite faoi chois, agus an chumhacht ar fad tógtha ag mionlach beag.

Faoi láthair sa mBreasail tagann duine suas i n-aghaidh an bhochtanaís de gach uile chineál, dúnmharú gasúir sráide, neamhlitricíocht, dícheann ar chuile leibhéal, truailliú rialtais, daoine dá ndíbirt amach dá gcuid talún. An té a sheasann suas i n-

aghaidh an chineál seo ruda, níl mórán compóird aige, nó go minic is gearr é a shaol.

An leanfaidh an cineál seo ruda ar aghaidh ar feadh 500 bliain eile, nó an bhfuil aon fhorás i ndán dúinn? Cé is cúis leis seo ar fad? Cá dtosódh muid? Tá faitíos orm gur mó ceisteannaí ná freagraí atá agam.

Siúl uait, a chomrádaí, troid go calma, cróga, cosain an chúis cibé áit ina bhfuil tú.

Wilson Coaches

Caisleán, Indreabhán 091-93322

Hireáil Príobháideach, Turasanna

Scoile, Bainiseachaí

14 - 53 suíocháin

Rátaí Maithe

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

AN POITÍN STIL

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Ceol agus Craic!

Ola Mhac an Rí (King Oil)

*Guímid gach rath agus sonas ar
Phléaraca Chasamara*

Gach cineál Ola againn:

**AUTO DIESEL • GAS OIL •
KERESENE agus LUBRICANTS
ar phraghas réasúnta**

HOSES • GAUGES • FITTINGS srl

Aille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-93210 Fax: 091-93210

Tabhair tacaíocht do do ghnó áitiúil

TIGH MHUIRÍ

Na hAille, Indreabhán Teil: 091-93386

**Ollmhargadh • Bláthanna • Diosal
Deisiú Boinn**

Páirteanna do Charranna

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!

Tigh Chualáin

Coill Rua Teil: 091-83133

B & B

'Bíodh deoch agat ar do chompóird'

Thíos ar shochraíodh Dhiarmaidín Uí Shúilleabháin i gCúil Aodha a bhí go leor de phobal Éigse na hÉireann nuair a scaip an scéala go raibh Seán Chóilín Ó Conaire as Ros Muc, fonnadóir cáiliúil eile, caillte freisin. Níorbh ionann is bás anabái Dhiarmaidín, bhí a fhios ag cairde Sheáin Uí Chonaire go raibh sé in Ospidéal Naomh Breandán i mBaile Locha Riabhach le tamall roimhe sin agus bhí tamall caite roimhe sin arís aige i dTeach Banaltrais Pháirc Mheirlinne i nGaillimh, de bharr timpiste a bhain dó ar cheann de shráideanna na cathrach sin. D'fhág an timpiste céanna seachrán ar a chuimhne, rud a d'fhág an stór mór amhrán a bhí ina cheann aige, cé is móite den bheagán acu atá curtha ar bhuantaifead, ar throigh gan tuairisc. Ar an tríú lá de mhí na Nollag 1991 a bhásaigh sé agus na ceithre fichid beagnach slánaithe aige. Bhí sé ina bhaintreach ar dhá phósadh; aon iníon amháin a bhí aige leis an gcéad bhean agus tá sise pósta i Sasana le Búrcach as Co. Thiobrad Árann.

Ar an Turlach i Ros Muc a rugadh Seán in Eanáir na bliana 1913. Bhí a athair agus a mháthair "luchtaithe le hamhráin", mar a deireadh sé féin, agus cé go raibh fonnadóirí maithe go flúirseach ina thimpeall i Ros Muc deireadh sé go mba é Pateen Chóil Shíle Ó Fiannachta (duine den tseisear a bádh go tubaisteach i Snámh Bó le linn a óige) an t-amhránaí ab fhearr dar chuala sé riamh. Chuaigh an chlann go Co. na Mí sna ceathrachadaí agus ba ansin a casadh a chéad bhean air - bean de chlainne 'ac Dhonncha as Doire



SEÁN CHÓILÍN Ó CONAIRE

(1913 - 1991)

Choill a raibh a muintir sise tar éis dul go Co. na Mí freisin. Nóra Nic Dhonncha a bhí uirthi, iníon le Neil Sheáin Terry agus le Cóil Choilm 'ac Dhonncha. Fuair sí bás go hóg, naoi mí tar éis an chéad pháiste.

Tar éis do Sheáin scaitheamh a chaitheamh sna saighdiúir ar an Roinn Mhór i nGaillimh bhíodh sé ag obair ag Teachta Dála i gCo. dar ainm dó Matt O'Reilly.

Chaith sé roinnt mhaith blianta i Sasana agus ansin tháinig sé go Baile Átha Cliath, áit ar phós sé baintreach

as Inse Chaor agus ar chaith sé cúig bhliana ag obair i ngrúdlann Guinness. Chaith sé tréimhse eile i Sasana níos deireanaí nó gur fhill sé ar Éirinn go buan agus go ndeachaigh sé ag cónaí i nGaillimh, áit ar chaith sé an chuid eile dá shaol.

Ba fear é Seán Ó Conaire nár ghlac le máistir ná le máistreacht. Le hais cáil na n-amhránaíocht, b'í cáil na saoirse an chail mhór eile a bhí air. B'é spiorad na saoirse ar a dhá chois é. Is dóigh gur ar an gclár 'AERIRIS' a bhíodh ag Proinsias Mac Aonghusa ar Raidió Éireann a chuir pobal na Gaeilge aithne air féin agus ar a chuid amhráin i dtús ama agus ansin ag comórtais sean-nóis an Oireachtais - áit ar ghnóthaigh sé duaiseanna móra, gan trácht ar éachtaí eile a bhí ina bhfinscéalta ar fud na tíre faoi lena linn féin. B'iad na hamhráin a shaol agus chaith sé a shaol ar fad á mbailiú agus á gcasadh. Is mór is fiú gur bhailligh Micheál Ó Conghaile roinnt acu uaidh agus go bhfuil deich gcinn acu sin curtha amach aige ar chaiséad ó Chló Iar-Chonnachta. "Máire Mhór" an t-ainm atá ar an gcaiséad - ainm an amhráin a thug Seán féin ar ais ón mbás, d'fhéadfá a rá, nuair a tháinig Raidió na Gaeltachta ar an aer fiche bliain ó shin. Tá roinnt eile fós ar an gcaiséad Dé Danann. Rinne Maidhc P. Ó Conghaile clár breá teilifíse faoi Sheán agus tá roinnt eile déanta faoi, creidim, nár facthas fós.

"An té a mholas an éigse féach go maireann go deo".

- Liam Mac an Iomaire

Siopa Glasraí & Torthaí an Spidéil



Glasraí & Torthaí Úra Gach Lá
Fataí den Scoth

Dáiliúcháin Áitiúil in Aisce
Uibheacha • Beatha Sláintiúil
091-83369 MON - SAT 9.30 - 6PM

Éamonn Ó Fatharta

An Spidéal 091-83518

- Earraí Grósaera •
- Nuachtáin • Feoil • Gás •
- Beathú Ainmhí •



TELEGAEL

An Spidéal, Co. na Gaillimhe Teil: 091-83400 Facs: 091-83464

SAORÁIDÍ TÁIRGÍOCHTA TEILIFÍSE

Cláracha de chuid Telegael a bheas le feiceáil go luath ar Network 2:

BOULI: Gach Luan agus Aoine ar Network 2 ag 3.15

Scéalta úr-nua faoin bhfear sneachta bán le hata ar a a cheann!

TÁ AN SAOL INA DHIABHAL:

Sraith-dhráma nua do dhéagóirí ag tosú i mí na Samhna ar Network 2.

TRICÍ AGUS TRAIC: Cartún nua ag tosú ar Network 2 tar éis na Nollag

Telegael a d'ullmhaigh na cláracha seo ag úsáid aisteoirí Gaeltachta.
Fistéip agus Bréagáin 'Bouli' ar fáil anois!

CLÓDÓIRÍ CLOE-DOOREE CLOWDOORI CLO-DOÓR-Í

Is cuma cén chaoi a bhreathnaíonn tú air,
ciallaíonn sé priontáil den scoth.



CLÓDÓIRÍ LURGAN

Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Fón: 091-93251/93157. Facs: (091) 93159

Seirbhís Phriontála don tír trí chéile ó chlólann Ghaeltachta!

AN CLUB HOUSE

Tigh Mháire & Máirín Nee

Tell: 64643


**Ceol chuile
deireadh seachtaine**

*Gach rath ar
Phléarāca Chonamara*

DF Déantúsaíocht Chois Fharraige Teo.

An Cré Dhubh, An Spidéal
Teil: 091-83298

Déantúsaíocht
Fuinneoga
Dóirse & Staighrí



Bia na Mara
& Carraig Shleamhnáin

Ciarán & Siobhán Ó Nualláin
Ceol na Mara, An Spidéal

Bialann le ceadúnas iomlán

091-83382



*Leictreachas
Chonamara Teo*

Carna, Co. na Gaillimhe Fón Facs: 095-32283

Tá fearais solas déanta as prás
glan á dtáirgiú againn in ár
monarchan i gCarna

Bíonn Siopa an Mhonarchain ar oscailt
Luan - Aoine; 10 - 4



COMHARCHUMANN
SLIOGÉISC
CHONAMARA TEO

Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe
Teil: 095-33489

Forbairt Sliogéisc ins na
cuanta idir Ceann Gólaím
agus Inis Leacain

Deis lasgach ar díol

10 mbliana ó shoin

Antaine Mhaidhc Ó Conghaille ag glacadh le Corn Uí Chadhain, ar son foireann mionúir na mBreathnaigh, ó Thomás Ó Cadhain, nach maireann.

(Thíos) Aeríocht ag Céibh an Spidéil, mar chuid de Fhéile na gCurrachaí 1982. Ní raibh Féile na gCurrachaí ann ar chor ar bith i mbliana.



10 mbliana ó shoin

Cuid den slua ag Díolacháin Earraí na Nollag i gColáiste Lurgan.

(Thíos) Na torthaí á seiceáil ag Talspeántas Chois Fharraige, Meán Fómhair 1982.



Transmara Éire Teo

Cill Chiaráin, Conamara
Teil: 095-33406 Facs: 095-33427

Seirbhís Iompar Cuisnithe

**Éire • An Bhreatain
& An Mór Roinn**

• **Seirbhís 24 uair** •

Go n-éirí go geal le Pléaraca Chonamara

Tigh Mheaic

Carna Teil: 095-32240



Teach Tábhairne agus Brú suite ar Bhruach na Farraige faoi bhun an tsléibhe; tránna áille, ciúnas, síochán

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

G.C. ELECTRICAL

ROS MUC
Teil: 091-74142

HOMESTEAD

James O'Connell
CASH & CARRY

• CATHAIR NA MART •

Eolas & Fiosrúcháin: Frank Moran 098-25074

AN CHISTIN

An Cheathrú Rua

**TEACH SPOIRT, CEOL AGUS CRAIC
BIA AGUS DEOCH**

• **MUINTIR SÉ** •

Teil: 091-95151

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Teach an Daingin

Béal a' Daingin

**Beár • Ceol
Sneacéanna**

091-72502



Seán Ó Loideáin, An Gleann Mór, An Cheathrú Rua, le tua porcellanite a fuair sé i bPortach Seanabhac (grianghraf: Bob Quinn)

Erin Gibbons

Ach ní mar síltear bítear. Leis an taighde atá déanta le blianta beaga anuas feicimid gurb é a mhalairt ar fad atá fíor. Ceaptar gur ar bhrúach Loch Corrib a bhí cónaí ar an dream ba faide siar, daoine a bhí ag fiach agus ag bailiú bia. Ansin fritheadh píosaí d'uirlisí ar a dtugtar "Bann Flakes" i mBéarla orthu mar tá a leithéid le fáil ar bhrúacha an Bhanna i gCúige Uladh.

Is ag fiach agus ag iascaireacht a bhí na daoine seo ar bhrúach Loch Corrib timpeall 5000 - 4000 roimh aimsir Chríosta. Tugtar an tréimhse Méasailiotach Deireannach (Late Mesolithic) ar an am seo.

Thosaigh feirméireacht i gConamara sa tréimhse Neoiliotach (Neolithic) timpeall 4000 - 2000 roimh aimsir Chríosta. Leagadh coillte, tógadh tithe, leagadh amach garrantaí le ba agus barraí, agus tógadh tuambaí megaliotach do na mairbh. Ní raibh aon eolas fós ag na daoine seo ar mhiotal agus bhí a gcuid uirlisí agus a gcuid gréithe déanta as cloch, leathar, cnámh, agus cré.

Tá uimhir mhór suíomhanna cré-umha i gConamara freisin, galláin dheasghnáthacha, línte de ghalláin agus cairn ar bharr cnoic. Tá an chuid is mó de na suíomhanna ó aimsir Neoliotach agus cré-umha suite i dtuaisceart agus in iarthuaisceart Chonamara, Caiseal, Cunga, Rinn Mhaoile agus Baile Uí Chonghaile.

Ach le blianta beaga anuas tá suíomhanna agus uirlisí faighte i ndeisceart Chonamara, ag taispeáint go raibh cónaí ann i bhfad ó shin.

Sa bhliain 1942 fuair Seán Ó Loideáin as an nGleann Mór, An Cheathrú Rua tua porcellanite ag bun portaigh i Seanabhac. Ceaptar anois gur déanadh an tua seo i monarcha tuanna i gCo. Aontroma timpeall 3000 roimh aimsir Chríosta. Cé nach féidir aon tuairimí láidre a bhunú ar seo amháin maidir le feirméireacht sa gceantar, feicimid gur tháinig roinnt eile tuanna cloiche chun solais i gceantar na Ceathrún Rua - Indreabhán a thugann le fios

SEANDÁLAÍOCHT CHONAMARA

Go dtí le fíor-ghairid ceapadh gur taobh tíre sceirdiúil neamh-thorthúil a bhí i gConamara gan aon suíomhanna seandálaíochta ann. Iad sin a bhí ann ceapadh nach raibh aon tábhacht ag baint leo. Shíl na húdair nár chónaí mórán daoine ann go dtí tar éis aimsir Chromail san 17ú aois.



Crannóg ar Loch a' Bhalla, Garumna.
Tá crannóg eile le feiceáil ar Loch an Mhuilinn, ar an gCeathrú Rua. (Pic: Erin Gibbons)

dúinn go raibh feirméireacht ar siúl le cósta timpeall 3000 R.C. Roinnt blianta ó shin fuair Willie Ó Flatharta as an gCeathrú Rua tua de lathach-chloch sa nGleann Mór agus é ag cur crainnte in aice a thí. Bhí monarcha de na tuanna seo i nDubhlinn i gCo. an Chláir agus seans maith gur as a tháinig an tua a fuair Willie.

'Kitchen Middens'

Gné eile atá spéisiúil ná an méid suíomhanna cónaithe cois cósta atá faighte le blianta beaga anuas.

Sa mbliain 1914 rinne bean darbh ainm Mrs. Brunnicardi staidéar ar na suíomhanna seo agus scríobh sí alt "The Shore Dwellers of Ancient Ireland". Dúirt sí go raibh 56 suíomh

cois cósta faighte. Tugtar "kitchen middens" orthu i mBéarla nó carnán brúscair, bailiúchán de chnámha, sliogáin, clocha dóite chomh maith le iarsmaí tithe agus garrantaí.

Sa mbliain 1991 rinne an CEEC i Leitir Fraic suirbhé nua ar na suíomhanna seo. Fuair Brunnicardi 5 shuíomh i gConamara agus fuair an suirbhé nua 25 suíomh. Síneann siad ó Bhearna go Rinn Mhaoile. Tá dáta Radio-Carbon 200 roimh Chríost againn le ceann Bhearna agus tá dátaí ón ré Neoliotach, Críostúil agus Meánaoiseach againn ó shuíomhanna ag Cloch na Rón agus Baile Uí Chonghaile. Go deimhin an t-aon adhlacadh ón tréimhse Lochlannach ar chósta thiar na hÉireann tá sé i suíomh cois cósta ag

Eyrehort, in aice an Chlocháin. Nochtaíodh é tar éis stoirme sa mbliain 1947.

Tá carnán brúscair den chineál seo le fáil ar Oileán Máisean, Oileán Mhic Dara, agus Fidhinis agus níos faide soir ag Caorán na gCearc sna Minna, Indreabhán.

An Chrannóg

Cineál eile suíomh atá coitianta i nGaeltacht Chonamara ná an chrannóg. Is oileáin bheaga lámhdhéanta iad seo atá le fáil ar lochanna. Ceaptar go ginearálta gur tógadh go leor acu seo in Éirinn go luath sa tréimhse Críostúil, ach bhí cónaí i gcuid acu chomh deireannach leis an 17ú aois.

Tá go leor de na crannóga seo le fáil freisin ar oileáin thiar na hAlban agus téann siad siar ago dtí Ré an Iarainn. Tá an dá chineál crannóg cosúil le chéile, iad déanta ar oileán beag le balla láidir de chlocha taobh amuigh agus an áit chónaithe taobh istigh.

In áiteacha eile in Éirinn b'éigin an t-oileán féin a dhéanamh ar dtús agus ansin é a chosaint. Is sampla maith é *Still Island* ar loch idir Chorr na Móna agus An Chloch Bhreac agus tá samplaí eile le fáil ar Loch na Tuláí (An Tulach), Loch Buaille, Carna agus Loch a' Bhalla, Garumna. Tá ceann de na samplaí is fearr ar fad le fáil ar Loch Scainnimhe, Carna.

Tá sé soiléir mar sin go raibh Conamara an-fheiliúnach mar áit chónaithe sa tréimhse réamhstairiúil agus ina dhiaidh sin agus go raibh daoine ann na mílte bliain sular dhíbir Cromail siar iad.



• An Tae Beag le linn an fómhar a bheith á bhaint i mBothchúna.
Ó chl: Tadhg Ó Cualáin, Maighréad Ní Chualáin, Seán Ó Cualáin, Micheál Ó Cualáin is Nóra Bean Uí Chualáin.

Logainmneacha: Dianghá le Cruinneas

Séamas Ó Cualáin

Ó tosaíodh ag cur ainmneacha na mbailte in airde ag ceann chuile bhóithrín sa taobh seo tíre tá an-suim múscaillte i logainmneacha. Gné fhiorthábhachtach den stair áitiúil í seo agus ó tharla gurb ea níor mhór a bheith an-chúramach go mbeadh na hainmneacha cruinn agus litrithe i gceart. Má dhéantar dearmad tá baol ann go mbuanófar an dearmad sin leis an aimsir. "Beatha teanga a labhairt: buanú teanga a scríobh", a deirtear.

De bhrí gur i mBothchúna a rugadh mé féin, chuir mé suim ar leith i gcónaí in ainm an bhaile sin. Ach caithfidh mé a rá nach rósásta atáim leis an gcaoi a bhfuil an t-ainm litrithe ar an gcloch ag ceann an bhóthair. Bothán a' Chaonaigh an seanainm a bhí ar an mbaile agus tá daoine beo fós a bhfuil tuairim mhaith acu cá raibh an bothán seo. Teachín beag cruinn ceann tuí a bhí ann agus é clúdaithe le caonach. Dúirt fear as Bualuisce liom tráth go raibh bothán den déanamh céanna ina bhaile féin freisin. Ar bhealach bhí na botháin seo an-chosúil leis na cinn san Afraic ach gur as cloch a rinneadh iad abhus.

Cúpla bliain ó shin tháinig mé

trasna ar chóipleabhar aistí scoile le mo dheartháir Peadar, beannacht Dé lena anam, agus tráthúil go leor tá aiste amháin ann faoin gcaoi a bhfuair Bothchúna a ainm. I bhFeabhra na bliana 1933 a scríobhadh an aiste nuair a bhí Peadar sa gceathrú rang.

Seanafhraochóg

Is deacair a thuiscint cén fáth a bhfuil Seanafhraochóg litrithe mícheart. Uaireanta i gConamara fuaimítear focail cosúil le 'fraoch', 'craobh', 'baol', 'saol' díreach mar a fhuaimítear iad i gCiarraí is i gCorcaigh. Tarlaíonn seo go minic in amhráin Chonamara. Ach cé go bhfuil sin amhlaidh i gcanúint an Deiscirt ní scríobhtar na focail ansin mar fraech (fréach), craebh, bael, sael!

Rinneadh léirscrios ceart ar an ainm breá Áth an Ghlugair i mBearna. "Áth an Ghlugair" atá greanta ar an gcloch. Thuigfeadh duine ar bith a raibh aon eolas aige ar Ghaeilge Chonamara cén chiall atá leis an bhfocal "glugar" mar tá focail cosúil le 'ubh ghlugair' is 'sraith ghlugair' coitianta go maith sa gcaint.

Mar fhocal scoir ní fhéadfainn gan mo mhíshástacht a chur in iúl faoin millteanas as éadan atá á dhéanamh ar logainmneacha ag conraitheoirí móra foirgníochta i nGaillimh agus i



• An sceimheal á cur ar chruach choirce
Peadar Ó Cualáin is a athair, Micilín Mhaighréad Mhichíl, ag obair san iothlainn i mBothchúna

Le gach dea-mhéin ó

Arramara Teo.

CILL CHIARÁIN



Comharchumann Iascairí
Gaillimh & Árainn Teoranta

Ros a'Mhíl
Co. na Gaillimhe

091/72119/72161

Ar lean ó lch 15

gomharsanacht na cathrach. Tá na logainmneacha chomh sean leis an gceol agus is náireach an scéal é go ligfí do na boicíní seo na hainmneacha ársa a chaitheamh i dtraipisí agus cinn áiféiseacha ar nós "Seacrest", "Monalee Heights" agus a leithéidí a chur ina n-áit. Ach tá an milleán faoi seo le cur ar Bhardás na Gaillimhe nach dtuigeann cé chomh tábhachtach is atá na sean-ainmneacha stairiúla seo.

Aiste a scríobh Peadar Ó Cualáin, deartháir le Séamas, i 1933.

Peter Jolan 6th February 1933.

Composition
On my Village
My village is situated near Spiddah. It is a big one. There are twentyone houses in it and nintyfour people. There are six slated houses and fifteen thatched ones. It is a nice village. There are five five two story houses in it. There is a pier and a wood in it. Bohoon is its name. This is the reason it was called Bohoon. There was a small little house in the middle of the village. It was so old that moss grew on all the stones of the wall and there was nothing to be seen of it but all the moss it was then

called Bohoon. There is a river running between it and Spiddah and on each side of it there is a wood. There is one in my village and the other one in Spiddah. There is a balling in it and the people come and playing ball in every day.

Writing could be a good deal improved. Corrections
situated, situated, situated, village, village, slated, slated, slated, stone, stone, stone, pier, pier, pier, because, because, because, of of, boidéanag, boidéanag, boidéanag, ag, that, that, that, balling, balling.



An Mac Duach agus Colm Ó Maolchiaráin ar an halmadóir, ag tíocht isteach go Douarnanez sa Bhriotáin.

'Sé Tom Rua Mac an Iomaire atá ag faire amach chun tosalgh.

AN CHISEOG

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, Teil: 091-95315

Bialann & Take-Away


B/B: R&B Garvey



Le gach dea ghruí ó
Colm Ó Mainnín

An Garáiste, Ros Muc
Seirbhís Iomlán Garáiste

091-74113



Enez Eusa, oileán amach ó chosta na Briotáine. Is air atá an teach solais is cumhachtaí ar domhan.

CAMPAS – idir Inis Oírr agus Enez Eusa na Briotáine


'Séard a chiallaíonn an focal 'campas' láthair nó suíomh ollscolaíochta. Is gluaiseacht an Campas Eorpach Imshaoil a bunaíodh sa bhliain 1990 i measc tíortha an Chomhphobail. Tá sé mar aidhm aige grúpa scoláirí tríú leibhéil ó thíortha éagsúla na hEorpa a thabhairt le chéile chun dul i mbun staidéir i gceantair tuaithe neamhfhorbartha agus i gceantair chathracha atá faoi mhíbhuntáiste. Cuirtear na scoláirí faoi chúram lucht ollscoile agus déanann siad scrúdú ar ghné éigin den timpeallacht a bhfuil baint aige le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta.

Tá campas á phleanáil don Samhradh seo chugainn a thabharfaidh dhá oileán le chéile - siad sin Inis Oírr agus Enez Eusa na Briotáine. Tá sé i gceist staidéar comparáideach a dhéanamh ar ghné

éagsúla ag teacht le chéile ar feadh coicíse ar Enez Eusa.

Chomh maith leis an gcampas tá idir pholaiteoirí, lucht forbartha pobail agus eile ó Enez Eusa ag iarraidh ceangal a chothú idir an oileán sin agus Árainn agus tá sé i gceist acu cuairt a thabhairt ar Árainn am éigin sa bhliain nua chun dul i mbun an cheangail seo.

— Pádraig de Bhádraithe



Inis Oírr, Árainn

ÉAMON A BÚRC

AG CUR SÍOS AR GHÁBHADH A nDEACHAIGH SÉ TRÍD AR AN bhFARRAIGE

Sliocht as bailiúchán de scéalta ón seanchaí Éamon a Búrc arbh as an Aird Mhoir, Carna, dhó. Tógadh an scéal seo as bailiúchán a chuir Peadar Ó Ceannabháin in eagar agus a d'fhoilsigh an Clóchomhar i 1983. Deirtear linn gur tharla an eachtra seo sa bhliain 1896.

Mise Éamon a Búrc as an Aird Mhoir atá ag dul ag inseacht an scéil seo agus an chuma a d'éirigh an gábhadh. Lá aimsir baint arbhair atá dhá scór bliantaí ó shoin ann, tuairim is mar sin ar chuma ar bith, bhí mé ag dul chun farraige ag dul ag iascach. Agus is é an sórt iascach a bhí mé a dhul a dhéanamh ag dul ag tógáil potaí gliomacha. Ag gliomadóireacht a bhí mé féin agus beirt fhear eile insa mbád. Tuairim trí thonna go leith ar méid a bhí an bád, bád nua agus culaith nua seoil uirthi tar éis déanamh. An criú a bhí in éineacht liom insa mbád, Joe Guairim agus mo chol ceathar Murchadh Ó Flaithearta agus mé féin. Agus bhí an fómhar ann agus bhí an t-arbhar le baint go géar agus theastaigh ó gach aon fhear acu fanacht istigh sa mbaile an lá seo le bheith ag baint an arbhair. Bhí leasmhac ag Murchadh Ó Flaithearta de Mhaolánach agus dúirt sé go gcuirfeadh sé amach é sin in éineacht liom an lá seo mar bhí an mhaidin an-bhreá agus stócach eile de Chlainn Ui Maoilchiaráin—sin iad an criú a bhí in éineacht liom ag dul amach ar maidin chun na farraige. Agus d'fhan an criú [eile] istigh ag baint an arbhair.

Sheol muid amach as céibh na hAirde Móire agus nuair a sheol ní raibh mórán gaoithe ann—gaoth aerlag. Agus d'iarr mé ar an dá stócach a dhul agus buille a chur faoin mbád a bheodh amach muid le dhul go dtí na potaí—ceann an rí (an rí-phota). Rinneadar sin agus ghabh muid amach chomh fada is a bhí againn le dhul, domhain go maith i

bhfarraige. Tháinig muid suas leis an eangach—na bpotáí—agus ghabh muid dá dtógáil nó gur thóg muid deich gcinn fhichead de photaí. Agus nuair a bhí na potaí tógtha againn ansin dúirt muid go ngabhfadh muid ag iascach agus an lá go han-bhreá—agus chuaigh. Agus ón gcéad lá riamh ar chuir mé dorú i bhfarraige go dtí an lá deireanach ní fhaca mé iasc chomh tréan agus a bhí le fáil, mar bhí *breams* agus ballaigh ar an urchar. Chuir muid síos pota fataí a bheadh againn agus bhí na fataí i ngar go leor dá bheith bruite agus muid ag dul ag glanadh éisc le cur síos leo nuair a chonaic mé bád ag seoladh isteach. Agus badh é an t-ainm a bhí ar fhear an bhaid Vail Ó Iarnáin agus tháinig se an-chongarach dúinn agus muid ar ancaire ag iascach agus chuir sé bail ó Dhia orainn. Ní raibh ann ach go raibh sé gaibhte tharainn go díreach glan nuair a thosaigh sé ag déanamh oíche den lá agus tháinig corrbhraon báistí as gaoth cineál aniar agus aniar aduaidh. Dhubh an lá de léim agus tháinig faitíos orm féin nuair a chonaic mé an chosúlacht a bhí ag teacht ar an lá agus oíche déanta aige de—chomh dubh le oíche ar bith dá bhfeicfeá. An chéad amharc eile a thug mé tharam chonaic mé an fharraige tógtha mar a d'fheicfeá cnoc chugam aniar ón taobh thiar. Ní raibh agam le déanamh ach chomh tréan agus a d'fhéad mé é an seol a scaoileadh agus tosaí ag ceangal cúrsaí i mo sheol. Nuair a bhí sin déanta, ní raibh ann ach go raibh sé ceanglaithe agam, nuair a bhuail an fharraige an

bád agus muid triúr ar an téad. Thit sí anuas le fána agus dúirt mé le duine de na stócaigh óga a dhul suas agus an seol cinn a chrochadh agus chuaigh agus chroch sé é agus cheap mé go mbeadh fuilleach ansin féin. Bhí mé féin ar an halmadóir thiar agus mo dhóthain inní orm agus ní raibh ann ach go raibh an seol cinn crochta nuair a tugadh amach as na haighrí an seol agus ní fhaca mé aon amharc riamh ar an gceailleacó, níor fhan agam ach na rópaí. Ní raibh aon bhlas le déanamh agam ach barr an phíce ar éigean agus bhí sé ina stoirm chomh mór agus na stócaigh a bhí ag caint liom ná raibh mé in ann iad a chloisteáil, go gcaithfidís a theacht go dtí mé agus a mbéal a leagan isteach ar mo chluais agus a seanbhlaigh a chur astu sula gciallóinn céard a bhíodh i gceist acu. Bhí mé ag iarraidh a bheith ag déanamh an bhealaigh agus bhí Maolan seo—badh é ba láidre—bhí sé agus a ghalún aige ag cur farraige amach chomh tréan is a bhí sí ag teacht isteach. Bhí muid ag déanamh an bhealaigh agus thabharfainn a bhfaca mé beo riamh as a bheith ar an talamh dá bhféadfainn é agus bhí mé chomh siúrálte den bhás agus a bhí mé beo ná insa mbád. Bhí muid ag dul nó go dtáinig muid suas le oileán agus nuair a tháinig, d'iarr na stócaigh orm rith cladaigh a thabhairt don bhád agus go mb'fhéidir go sábhálfadh muid féin beo. Agus dúirt mé leo ná raibh againn ach an drochsheans dá dtéadh muid ar an gcladach—go maródh na clocha agus an fharraige muid féin agus go mbrisfí an bád—agus má bhí aon bhealach againn le teacht beo go mbadh é an bád a choinneál ag imeacht é agus fair play a thabhairt di. Leag muid faoin oileán agus nuair a leag, an fharraige a bhí ag éirí i bhfoisceacht chúig mhíle dúinn bhuaileadh sé an seol agus shilféa go mba plump toirní a thioctadh nuair a thigeadh meall farraige ar an seol leis an torann a ghníodh sé. Bhuaileadh sé isteach idir an dá shúil insan éadan mé féin a bhí ag gabháil an bháid agus bhaineadh sé an anáil díom ar feadh chúig noiméad glan gan aon bhréag. Bhí mé ag iarraidh a bheith ag

seasamh leis agus ag déanamh an bhealaigh abhaile chomh maith agus a d'fhéad mé. Agus bhí muintir na mbailteachaí ar chéibh na hAirde Móire agus ar an gcora a bhí isteach uaidh—bhí chomh maith le trí chéad duine ann ag faire ar na báid a bhí ar an bhfarraige—ag ceapadh nach dtiocfadh aon cheann beo go deo acu. Gach uile bhád eile dá raibh ar an bhfarraige bhí siad ag imeacht ina gcrainte gan seol ar bith ag déanamh ar thalamh eile a bhí taobh thall a dtugann siad Leitir Mealláin air. Agus an fear, an tIarnánach a chuaigh isteach tharam roimhe sin, an t-oileán a bhí roimhe féin badh é an t-ainm a bhí air Inis Múscraí, nuair a bhuail an gála mór é féin agus cuireadh isteach ar an oileán é. Agus nuair a cuireadh, shábháil sé é féin agus beirt fhear eile a bhí in éineacht leis agus briseadh an bád agus réabadh í agus níor facthas aon chipín riamh di, seol ná crann nó ní dá raibh ná í féin riamh ó shoin.

Sheol mé isteach faoi Bhior agus nuair a sheol bhí an méid seo

daoine ar chora na hAirde Móire ag breathnú ar an mbád ag dul isteach. Agus fear dá raibh in éineacht liom insa mbád, Joe Guairim, bhí an bád an-chongarach dó agus bhí siad ag rá liom arís nuair a tháinig mé i dtír nár chuir sí an cile i bhfarraige ó fuaireadar amharc uirthi ach sínté siar ar bharr na farraige. Dúirt duine acu go mbadh í a bhí ann agus dúirt Guairim seo narbh í agus dúirt cuid eile go mbadh í. Ach bhí siad féin ag sáru ar a chéile nó gur bhailigh muid tharstu aníos. Agus bhí an ghaoth gann agus ar inn ar éigean a chuir mé oileán fúm a dtugann siad oileán an Chornáin air. Bhí sin dona go leor. Nuair a bhí muid ag teacht isteach ag an talamh agus é in am againn a theacht timpeall le bord a bhaint as an mbád, ní raibh aon duine de na stócaigh in ann an seol a thabhairt fúithi agam, ní raibh aon ghair agam féin corraí as an áit a raibh mé. Tháinig muid timpeall siar agus an seol ar an taobh eile ar an mbád againn, ar an mbord as cionn an stócach a dhul suas agus an taca a

lagan agus lag i riocht is go dtabharfainn seans don chleith—an tseoil—gan í a bhriseadh agus *fair play* a thabhairt di nó go dtáinig muid timpeall siar ag an gcora a bhí romhainn thiar arís. Agus bhí Guairim seo romham agus nuair a tháinig mé i bhfoisceacht cainte dó: 'Gairim féin agus coisricim thú', a deir sé, 'scaoil isteach an bád anseo' Bhí mé an-ghar do chéibh na hAirde Móire agus dúirt mé liom féin go mbadh é an cás céanna é. Ní dhearna mé ach mo láimh a shá fúm agus a theacht timpeall arís ar an mbord eile. Nuair a tháinigas don chéad bhord eile bhí mé an-ghar don chéibh agus dúirt mé leis an Stócach seo Maolán ancaire a bheith réidh aige le caitheamh ina dhiaidh mar ní raibh muid in ann a dhul isteach mara dtugadh an seol isteach muid le stoirm agus le gála. Mar a d'iarr mise ar Mhaolán bhí sé déanta ag Maolán agus nuair a sháigh mé an bád suas sa gcéibh chaith Maolán an t-ancuire mar a d'iarr mé air agus cheangail sé an téad den tseas deiridh agus sin é a stop an bád. •



Máirtín Standún Teo

An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-83102/8

Díoláchan le tosnú ar an Luan 9ú Samhain

Neart Sladmhargai!

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

COMHARCHUMANN

CHONAMARA

THIAR TEO.

Cill Chiaráin, Conamara
Teil: 095-33436 (Facs: 33413)

STÓR AN CHOMHARCHUMAINN

Ábhar Tógála agus Feirme

SIOPA AN PHOBAIL

Grósaer • Éadach • Lotto

SEIRBHÍS TÚS-GNÓ

Saor in aisce: Clárú, Meastacháin, Comhairle, Cúnamh le Cúntaisí agus CBL

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca



'NÍL SIBH CEART AGUS NÍL SIBH SIBHIALTA!'

I 1969 dhúisigh Gaeltacht Chonamara. Thosaigh daoine ag eagrú, ag gearán, ag éilimh a gcearta, ag agóidíocht in aghaidh lucht údaráis, ag labhairt amach ar a son féin. Tarraingíodh aird go náisiúnta ar fadhbanna na Gaeltachta, ó thaobh dearcadh na Gaeltachta dhe. Bunaíodh "Iarchonnacht '85", eagraíocht a chreid go gcaithfí Gaeltacht Chonamara a 'Athphlandáil' le Gaeilgeoirí óna cathracha, ag a mbeadh na scileanna éagsúla a theastódh, le saol 20ú aoiseach a thógáil in Iarchonnacht. Bunaíodh Gluaiseacht Cearta Sibhialta na Gaeltachta chomh maith agus sheas Peadar Mac an Iomaire in Ollthoghchán an bhliain sin agus bhailigh sé os cionn 1500 vóta. D'athraigh an toghchán sin cursaí polaitíochta i gConamara, mar gur bhris sé an marbhfháisc a bhí ag Fianna Fáil ar phobal an cheantair ó 1932 i leith.

Is deacair a rá, cén fáth ar dhúisigh Gaeltacht Chonamara i 1969. Cinnte bhí glún óg ag fás aníos, a raibh

oideachas maith dhá fháil nó fáighte acu agus bhí postanna fáighte ag cuid acu sa bhaile. Bhí tionchar

– Donncha Ó hÉallaithe

San ghrianghraf thuas; Craobh Chorr na Móna de Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta i mbun agóidíochta taobh amuigh de Chomhairle Contae na Gaillimhe

áirithe ag idéalachas na haoise orthu. I Meiriceá bhí feachtas láidir ar bun in aghaidh an chogaidh i Vietnam. Ó thuaidh bhí feachtas mairseála tosaithe ag an Northern Ireland Civil Rights Association, le cearta sibhialta a éileamh le haghaidh na náisiúnaithe sna sé chontae, a bhí faoi smacht na Breataine. Bhí mic léinn i ngach ollscoil in Iarthar na hEorpa agus i Meiriceá, ag tabhairt dúshlán na núdarás. Chomh maith le sin uile, bhí grúpa Gaeilgeoirí ar an eite clé den pholaitíocht - daoine ar

nós Máirtín Ó Cadhain, Séamas Ó Tuathail, Cian Ó hÉigeartaigh, Deasún Breathnach - agus ceangail acu le Gaeltacht Chonamara, a chreid go raibh tábhacht faoi leith ag baint le éirí amach "cosmhuintir na Gaeltachta". Thar aon ní eile, bhí sé éasca poiblíocht a fháil ag an am do chúis ar bith, dá ndéanfá agóid go cliste.

Ba ceantar mór tacaíochta le Fianna Fáil, Gaeltacht Chonamara, ó thoghcháin 1932 i leith. Anseo is ansiúd bhí corr phóca Fine Gaelach ach tríd is tríd bhí Fianna Fáil cinnte de 4 as gach 5 vóta, sna boscaí ón Spidéal siar go Carna. Ach bhí caite go dona leis an gceantar ag Fianna Fáil, le hais ceantracha eile. Bhí na boithre uafasach ar fad - i bhfad ní ba mheasa ná anois. Ní raibh Comhairle Chontae na Gaillimhe, ag togáil aon scéimeanna tithe i gConamara, cé go raibh scéimeanna dhá thógáil ar fud na tíre ag Comhairlí Chontae eile. Bhí 9 teach as 10 gcinn fágtha gan uisce reatha píopáilte. I 1969 bhí Carna, an ceantar arb as don Teachta Dála Johnny Geoghegan, fágtha gan dochtúr!

Gan seirbhísí bunúsacha ar fáil, ní íontas ar bith é go raibh an daonra ag titim go tubaistiúil. Bhí daonra Chill Chiaráin titithe ó 150 i 1951 go 106 i 1966 agus an Spidéal titithe ó 207 i 1951 go 127. Bhí an ceantar dhá bhánú ag an imirce go Sasana agus go Baile Átha Cliath. Bhí an daonra laghdaithe 20% ó 1946 go 1966. Bhí cumainn peile titithe as a chéile, ceal fir óige in aois imeartha. Sna seascaidí bhí an líon paistí ag tíocht ar an saol an ghar don líon daoine a bhí ag fáil báis agus bhí titim tubaisteach i líon na bpóstaí! Gan oideachas ní raibh ar fáil ach an dole nó post suarach ar bheagán pá i gceann dena monarchain nua a bhí dhá bhunú ag Gaeltarra ar an eastát tionsclaíochta ar an gCeathrú Rua, da mba fear thú. Ní raibh dole ar bith ann do mhná ag an am. Ní raibh ach 228 duine fostaithe i dtioncail Ghaeltarra ar fud Conamara ag an am.

Bunú na gCoistí Pobail

Ach bhí an pobal ag dúiseacht. I 1966

'... Istigh, chomh luath is a thosódh Bunny Carr ag fáiltiú roimh an lucht féachana agus an lucht éisteachta sa mbaile, sheasfadh duine den cheathrar agus thosódh ag cuir isteach air. Nuair a bhíodh an duine sin caite amach agus ciúnas aríst i réim, sheasfadh an chéad duine eile. Lean an scéal mar sin gur caitheadh amach an ceathrar ...'

bunaíodh Cumann Forbartha Chois Fharraige le Seán Ó Mainnín, príomhoide Ghairmscoil Cholmchille, ina chathaoirleach air agus tugadh job an rúnaí do fhear óg ón gceantar, Peadar Mac an Iomaire. D'éirigh leis an gCumann Forbartha go leor a bhaint amach sa chéad bhliain, beag beann ar na bpolaiteoirí. Fuair siad amach nach raibh aon ghá labhairt le Bobby, le Johnny ná le Fintan, le cúnamh a fháil.

I gceantar Carna, socraíodh go mbunófaí Coiste Pobail, mí Feabhra 1969 ach theastaigh ó lucht Fhianna Fáil nach mbeadh an coiste ach ag plé leis an seipéal, an halla agus an scoil. Reachtáileadh votáil sa pharóiste ar an gceist. Níor theastaigh ó Fhianna Fáil go, a bhí faoina gcúram go dtí sin. Ba leis an gcumann áitiúil den pháirtí na ceisteanna sin a phlé leis an Teachta Dála nó leis an gComhairleoir Chontae. Bhí carranna Fhianna Fáil amuigh go láidir ag tarraingt daoine ag an vótáil agus ag iarraidh a chinntiú nach mbeadh le déanamh ag an gcoiste nua ach airgead a bhailiú don scoil agus a socraithe a dhéanamh faoi glanadh an tséipéil. Shocraigh na daoine go raibh coiste pobail leathan uathu, coiste a fhéadfadh labhairt amach ar son an phobail agus faoi fhadhbanna éagsúla sa gceantar. I measc na

daoine a toghadh ar an gcéad choiste, bhí Deasún Fennell, fear a raibh tionchar mór aige ar Cearta Sibhialta.

An Picéid ar Theach Furbo

D'eascair Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta as picéad a cuireadh ar Theach Furbo, le linn do RTÉ a bheith i mbun an clár "Quicksilver", a thaifeadadh. Bhí an clár dhá chur i láthair ag Bunny Carr agus dhá léiriú ag Lelia Doolan, bean a d'éirigh as RTÉ go gairid ina dhiaidh sin. Thart ar 70 duine a bhí ar an bpicéad. Peadar Mac an Iomaire agus Pádraig Ó Coincheanainn, ó Chumann Forbartha Chois Fharraige, a d'eagraigh é. Ba as Cois Fharraige fórmhór na ndaoine a bhí i láthair agus in eindí leo bhí cúpla duine ó Chonradh na Gaeilge. Chuaigh ceathrar isteach agus thóg siad raic. D'fhan an chuid eile taobh amuigh sa mbáisteach trom. Istigh, chomh luath is a thosódh Bunny ag fáiltiú roimh an lucht féachana agus an lucht éisteachta sa mbaile, sheasfadh duine den cheathrar ag cur isteach air. Nuair a bhíodh an duine sin caite amach agus ciúnas aríst i réim, sheasfadh an chéad duine eile. Lean an scéal mar sin gur caitheadh amach an ceathrar.

Bhí billeog réitithe roimh ré ag Conradh na Gaeilge, ag inseacht cén údar a bhí leis an agóid. Cearta teangan is mó a bhí ag déanamh buartha do lucht an chonradh. Thosaigh an billeog leis an ráiteas seo leanas: "Tá an agóid seo á dhéanamh ag muintir Chois Fharraige agus Conradh na Gaeilge ar son chearta mhuintir na Gaeltachta mar phobal agus i gcoinne gníomhaíochtaí, ranna agus forais stáit atá ag brú Béarla mar phríomhtheanga ar mhuintir na Gaeltachta."

Cé gur RTÉ is mó a bhí faoi ionsaí sa mbilleog, mar gheall ar a laghad Gaeilge agus ceol Gaelach ar RTÉ, idir Raidió is Teilifís agus faoi bheith ag "brú Béarla ar an nGaeltacht" is mar gheall ar go raibh sé "de dhánaíocht iontu teacht anseo go dtí an ghaeltacht chun a gcuid clár Béarla a dhéanamh" a cuireadh an picéad ar Theach Furbo.



Cearta Sibhialta na Gaeltachta ag siúl ó Bhearna go Carna agus iad ag éileamh Udarás Ghaeltachta.

Ní mó ná sásta a bhí cuid dena daoine taobh istigh leis an agóid. Sheas Ciarán Mac Mathúna, fear nach bhféadfadh éinne a chur ina leith nach raibh sé gaelach agus de réir an tuairisc a bhí ar an bpaipéar INNIU, dúirt sé go mba náireach an mhaise do lucht na hagóide, picéad a chur ar Theach Bill Fuller, fear a thug an oiread sin saothrú chun na háite. *"Only for Bill Fuller many of the boys from this area would be over in Camden Town"* adúirt Ciarán. Bhí cúpla *speech*, ag geata an Óstáin, th'éis don ceathrar istigh bheith caite amach. Mhol duine a bhí i láthair go mba chóir an ábhar casoide a chur os comhair Teachtaí Dála an cheantair ach dúirt Peadar Mac an Iomaire go raibh Cumann Forbartha Chois Fharraige ag iarraidh ar an bpolaiteoirí castáil leo le fada le fadhbanna sa cheantar a phlé ach nár bhfuair siad aon sásamh uathu. Tháinig gair on slua *"Cén fath nach dtoghann muid teachtaí dála dár gcuid féin"*.

Bunú Chearta Sibhialta

Socraíodh an oíche sin go dtabharfaí cruinniú le, chéile i seanscoil an Chnoic ar an Domhnach dar gcionn. Tugadh an cruinniú le cheile i seanscoil Shailearna ar an Domhnach 25ú lá Márta. Bhí os cionn 90 i láthair, do réir na tuairisce ar INNIU. I measc an dream a bhí i láthair, bhí Uachtarán Chonradh na

Gaeilge, Maolsheachlainn Ó Caollaí. Ba é Peadar Mac an Iomaire a bhí sa gcathaoir. Socraíodh go mbeadh an eagraíocht nua ag plé le

1. Saothrú a chur ar fáil sa bhaile.
2. Stopadh an dole ar daoine.
3. Scéimeanna uisce
4. Strainséirí a ag fáil greim ar acmhainní na gaeltachta
5. Caitheamh aimsire tré Ghaeilge a chur ar fáil
6. Polasaí Ghaeilge RTÉ
7. Téacsleabhar Ghaeilge a bheith i scoileanna na Gaeltachta.
8. Suim eagrais Gaeilge a mhúscailt sa Ghaeltacht.

Toghadh coiste an oíche sin leis na hionadaithe seo leanas óna ceantair eagsúla.

Carna: Joe Sheainín Ó Tuairisg, a bhí ag obair ag an am i gCarna le Gael Linn, ach arb as Cois Fharraige ó thus dhó. Sheas sé sa toghchán do Chearta Sibhialta i 1973.

Cill Chiaráin: Seosamh Ó Cuaig, a bhí an uair sin ag obair leis an bpáipéar INNIU.

Ros Muc: Tomás Ó Conaire, múinteoir bunscoile.

Camus: Josie Gibbons, atá gníomhach i gcónaí i gcúrsaí pobail.

Tír an Fhia: Coilmín Tom Ó Donncha as an Máimín, a bhí ag múineadh scoile ag an am i dTuaim. Leitir Móir: Ruairí Ó

Conchúir, deartháir le Nioclás Ó Conchúir.

An Cheathrú Rua: Willy Pháidín Mac Donncha, múinteoir bunscoile.

Ros a' Mhil: Micheál Mac an Iomaire, múinteoir scoile

An Tulach: Peadar Cháit Ó Conaola

Na Minna: Pádraig Willy Mac Donncha.

Tháinig na hoifigigh go léir ó cheantair an Chnoic - Peadar Mac an Iomaire, Ruaidhri Ó Tuathail, Pádraig ó Coincheanann, Tomás Ó Ráighne, Joe Steve ó Neachtain agus Maidhc Beag Ó Conghaile. Go bhfios dom ní raibh ach bean amháin gníomhach. B' shin í Caitlín Nic an Iomaire ó Dhoire Né. Bhí cuid den lucht tacaíochta ag obair i mBaile Átha Cliath - Ruaidhri Ó Tuairisg agus a dhearthair Sheain, Máire Áine Ní Flaithearta (An Cheathrú Rua) agus ar ndóigh Máirtín Ó Cadhain.

Freagra ón Rialtas

Níor thóg sé i bhfad go raibh Airí Rialtais ag caitheamh anuas ar an eagraíocht nua. Ag labhairt dhó i nGaeltacht Mhuscraí, bhí an méid seo a leanas le rá ag Aire na Gaeltachta, Paddy Faulkner ar an 17/4/69, trí seachtainí th'éis bunú na heagraíochta: *"Is eol daoibh go léir go bhfuil iarracht an-mhór ar siúl ag an Rialtas chun an Ghaeltacht a fhorbairt agus saothrú a chur ar fáil do na daoine ina gceantar dúchais féin. Tá dóchas agus misneach ag muintir na Gaeltachta nach raibh acu roimhe seo agus tá comhar agus comhoibriú na Ranna uile Stát, na gcomhluchtaí stát urraithe agus na núdarás áitiúil le fáil anois againn i dtreo is go neireodh linn, le cuidiú Dé, a háit cheart a thabhairt don Ghaeltacht sa náisiún Gaelach atá dhá thógáil againn. "Is dócha gur thug sibh faoi deara go mbíonn scaothairí ag gabhail timpeall na laethanta seo ag gearán go bhfuil deireadh leis an nGaeltacht agus nach bhfuil a dhath á dhéanamh ag an Rialtas chun i a shlánú. Bíodh is go bhfuil bá an phobail linn go dtí seo, is é an baol atá sna nathanna mímhacánta atá á gcur os a gcomhair anois na go sílfeadh daoine lasmuigh den Ghaeltacht nach bhfuil*

tairbhe ar bith ag teacht as na milliún punt d'airgead poiblí atá á gcaitheamh ar an nGaeltacht agus nach mbeidh fonn orthu na cánacha is gá a íoc chun airgead mar sin a chur ar fáil. Dá bhrí sin ba mhaith an rud é dá mbeadh daoine fiúntacha sa Ghaeltacht, a fheiceann lena súile féin, an dul chun cinn atá á dhéanamh, a mbeadh sé de mhisneach iontu labhairt amach ionas go dtuigfear firinne an scéil."

D'fhreagair Cearta Sibhialta na Gaeltachta le ráiteas a bhí ar INNIU (2/5/69) a dúirt an méid seo: *Má leanann an cás mar atá leis an daonra ag titim; leis an imirce fós faoi lán tseoil agus le lucht tógála óstán agus le lucht airgid ag méadú a stór san áit; leis an nganntanas postanna do lucht fágála scoile gar do bhaile; le córas polaitíochta atá bunaithe go daingean ar "fábhar" in áit ar cheartanna do chúch; le scoileanna gan téacsleabhair gaeilge; leis an gcóras a chuireann obair ar fáil do chailíní na Gaeltachta i gcistíní sna hóispidéal i nGaillimh - obair nach dteastaíonn ó chailíní as aon áit eile - má leanfar leis an gcóras seo, ní hamháin go gcuirfear pobal Gaelach Chonamara faoin bhfód mar Ghaeilgeoirí ach cuirfear an marbhfháisc orthu fiú mar phobal daoine."*

Bhí ceist na Gaeltachta a chur ar an gclár diospóireachta poiblí. Ní beag san. Bhí aird dírithe ar Chearta Sibhialta na Gaeltachta. Bhí a fhios acu, gach uair dá ndéanfaidís agóid go mbeadh poiblíocht le fáil as. Bhí an léiritheoir a bhí ar clár cúrsaí reatha tré Ghaeilge - Eoghan Harris - an bhádhúil leis an nGluaiseacht nua. Bhí sé éasca dóibh fáil ar an dteilifís agus labhairt le muintir na hÉireann. Bhíodh os cionn 500,000 duine ag breathnú ar FÉACH an uair sin. Seo mar a scríobh Seosamh Ó Cuaig in alt san Irish Times (2/4/75): *"Ba rud sár fhaiseanta é Gluaiseacht Chearta Sibhialta ar fud an domhain an trath sin agus bhí neart poiblíochta le fáil ag ár leitheidí sinne. Bhí a shliocht orainn. Mhair muid ar feadh cúig bliana ar bhlaiseteanna flaithiula poiblíochta ar mhór an sásamh croí iad go pearsanta ach ar bheag a dtairbhe nuair nach raibh an téagar ná an gníomh ag cur leo go minic. Mar sin fein dhúisigh muid an pobal leis an ngníomhartha te bruite a rinneamar."*

Peadar ina larrathóir

Shocraigh Gluaiseacht Chearta Sibhialta ar iarrthóir a chur chun cinn san ollthoghachán i 1969. Roghnaíodh Peadar Mac an Iomaire. Bhí se ina oifigeach ar Chumann Forbartha an Chnoic. Ba múinteoir óg é i Scoil Chuimsitheach nua sa Cheathrú Rua. Cainteoir cumasach féinmhuiníneach é, cé ag an am go



Tom O'Donnell, a bhí ina Aire Ghaeltachta ag an am, ag déanamh ar an Merc thar an picéid. Cuireadh an picéid air mar gheall ar an mhoill a bhain le bunú Udarás Ghaeltachta

raibh sé sách cuthaileach ag meascadh go sóisialta. Níor ól sé agus ní bhíodh sé ar a shásamh i gcomhlúadar an tí tabhairne. Bhí sé cúramach. Ba é John Hume na Gaeltachta é, ar an eite coimeádach den Ghluaiseacht. Ní raibh aon mhuinín aige as modhanna Fianna Fáil leis an áit a chur chun cinn. Theastaigh uaidh go mbeadh craobh de Chearta Sibhialta ag gníomhú i ngach paróiste, ag déileáil le fadhbanna na ndaoine. Thuig se go bhféadfadh seisean idirghabháil a dhéanamh le roinn stáit chomh éifeachtach nó níos éifeachtaí ná aon Teachta Dála, dá mbeadh cás maith ann.

Ach bhí lucht tacaíochta ag an nGluaiseacht a chreid i modhanna níos réabhlóidí. Tháinig daoine go Conamara le tacaíocht a thabhairt don Ghluaiseacht le linn an fheachtais toghchánaíochta agus a bheag nó mhór thóg siad seilbh ar an

bhféachtas. Bhí scileanna eagrúcháin acu agus bhí tuiscint áirithe acu ar cén bealach le toghchán a throid.

Jack Lynch i gConamara

Thug an Taoiseach Jack Lynch cuairt ar an gCeathrú Rua le linn an fheachtais. Ní thabharfadh lucht tacaíochta Chearta Sibhialta, aon deis cainte don Taoiseach ná do

iarrthóirí Fhainna Fáil, go dtí go bhfreagróidís naoi gceist a bhí déanta amach. B'é an chead cheist a bhí ar an liosta acu - *"Cén fáth ar fhág 5,000 duine an áit ó 1956?"* agus bhí ceist eile don Taoiseach a bhain le imirce *"Car cheap an Taoiseach a bhi an dream idir 20 agus 40 bliain d'aois?"*

Ón lá sin ar aghaidh, bhí sé ina chogadh idir Fianna Fáil agus na Cearta Sibhialta. B'fhacthas do go leor ón gCeathrú Rua go mba dream anoir iad na Cearta, a bhí in éadan na Ceathrú Rua agus bhí údar acu lena cheapadh. Mar shampla, cáineadh Petie Ó Sé, an taibhneoir, go minic mar go raibh Óstán na Ceathrú Rua á dtógáil aige, le cúnamh deontais ó Bhord Fáilte. Bhí Óstán le tógáil i gCarna thart ar an am céanna ag Pádraig Ó Coscórdha, fear a bhí neamhspleach ar Fianna Fáil ach ní raibh tada le ra faoi sin. Is cinnte gur chaill na Cearta

Sibhialta go leor tacaíochta, mar nach raibh aon smacht ar dream poblachtanaigh a tháinig ó Bhleá Cliath le cúnamh a thabhairt. B'ionann Fianna Fáil doibh agus an páirtí Aondachta ó thuaidh.

Tharla eachtra amháin thar aon cheann eile, a rinne an-dochar don fheachtas. Caitheadh táirní ar an mbóthar in aice le Baile na hAbhann, roimh carr an Taoisigh agus é ar a bhealach aniar on gCeathrú Rua. Thug sé an-sásamh dona daoine óga a bhí páirteach sa bhfeachtas ach shíl go leor a bhí bádhúil roimhe sin leis na gCearta go raibh siad imithe thar fóir ar fad. T'eis eachtra na dtairní, dúirt bean as Doire Choill agus í ag tíocht amach as séipeal Ros a' Mhíl le cainteoirí Chearta Sibhialta: "Níl sibh ceart agus níl sibh sibhialta."

Bhain an líon vótaí a fuair Peadar Mac an Iomaire creathadh as na polaiteoirí agus thug siad aird ar

'...Caitheadh táirní ar an mbóthar in aice le Baile na hAbhann, roimh carr an Taoisigh agus é ar a bhealach aniar on gCeathrú Rua. Thug sé an-sásamh dona daoine óga a bhí páirteach sa bhfeachtas ach shíl go leor a bhí bádhúil roimhe sin leis na gCearta go raibh siad imithe thar fóir ar fad ...'

roinnt dena héilimh a bhí deanta. Bunaíodh Radió na Gaeltachta i 1972; géilleadh go mba chóir an calaphort iascaireachta a thógáil ag Ros a' Mhíl in ait Ghaillimh, caitheadh go leor airgid poiblí sa Ghaeltacht le linn na seachtóidí. Má tá ionadaithe tofa ar Údarás na Gaeltachta, is mar gheall ar an béim laidir a chuir Gluaiseacht Chearta

Sibhialta ar an éileamh, go mbunófaí Údarás Áitiúil Ghaeltachta. Is mar gheall ar Cearta Sibhialta, a bogadh Oireachtas na Gaeilge amach ó Bhleá Cliath, go ceantracha Ghaeltachta. Ar an dtaobh eile den scéal, bhí dearcadh frith údarásach ag Cearta Sibhialta na Gaeltachta, rud a d'fhág go leor doirse dúnta agus cluasa bodhar. Ní féidir le duine ar bith a shéanadh gur tháinig maitheas as a niarrachtaí ach b'fheidir dá mbeidis níos sibhialta go mbeadh níos mó tacaíocht ón bpobal le fáil.


Deireadh Ré

Lean Gluaiseacht Chearta Sibhialta ar aghaidh go 1979, nuair a bunaíodh eagraíocht nua, ar a glaoth 'Gluaiseacht na Gael-tachta'. Sheas Peadar Mac an Iomaire i dtoghchain an Udarais i 1979, ar son "Gluaiseacht na Gaeltachta". Theip air suíochan a fháil le cúpla céad vóta. Chuir an toghchán sin deireadh le Cearta Sibhialta agus le ré an spéisiúil i nuastair Ghaeltacht Chonamara.

FOCLA agus PICTIÚIR

Suas le trí huaire a chloig cláracha teilifíse a bhíos ag muintir na Breataine Bige gach uile oíche ina dteanga féin. Lena bhfuil de bhorradh faoi chúrsaí faoi láthair tá cláracha á n-easportáil ón tír : craoladh "Pobal Y Lwm" - cineál "Baile an Droichid" - san Ísiltír den chéad uair an mhí seo caite.

Sa mbunbhreatnais a théann na cláracha amach thar lear ach go mbíonn fotheidil leo, agus sé scéal seo na bhfotheidil a thug mise go Lampeter na Breataine Bige le deireanas.




Comhlucht roinnt cosúil le Telegael ó thaobh suíomh agus méid é Cwmni Creuddyn, agus is ann atá an t-aon chúrsa oiliúna amháin san Eoraip i bhfotheidil. "Swift Integral


System" atá in úsáid ann, bogearra speisialta nuacheaptha - gléas i ndéanamh próiseála focal, aonad diosca chrua agus méarchlár atá i gceist leis, rud a fhágann slachtmhar, soláimhsithe é.

In Éirinn, tá dhá fheidhm le fotheidil: cláracha ón iasacht a aistriú, más go Gaeilge nó go Béarla é, agus cláracha dúchasacha Gaeilge a dhéanamh níos sothuigthe do Bhéarlóirí na tíre. Is de réir mar a mhéadós ar líon na gclárachaí

Gaeilge a thíocfás an obair seo chun aibíochta.



Tá roinnt buntáistí ag fotheidil ar dhubbáil: is obair í do dhuine amháin, áit a dteastaíonn foireann aisteoirí don dubbáil chomh maith le comhthráthaíocht mhaith. Sampla den dubbáil a bhí in Jabas, agus tá súil le sraith eile dá shórt seo gan mórán achair.



Ná mba fada go raibh samplaí den dá chineál ar ár gcuid scáileáin cosa i dtaca.

- Diarmuid Johnson

Tigh Pheacocke

• AN TEACH DÓITE •
Teil: 091-82306 Facs: 82215

IARSMALANN AN 'QUIET MAN' • SIOPA CEARDAIOCHTA • BIALANN & BAR • DAMHSAI & CABARET

Tá macasmhail den teach ón scannán 'The Quiet Man', feistithe le troscán agus treallamh tí ón gcéad seo caite, suite i gcoill álainn in aice le Tigh Pheacocke.

Tá Bear agus Bialann Pheacocke suite ar chrosbhóthar iardhúlta i gceantar álainn atá báite i mbéaloideas agus i dtraidisiún.

Tá cáil ar bhialann éisc Tigh Pheacocke áit abhfaihfídh tú do rogha de ghliomaigh, portáin, bradáin, muiríní, cloicheáin, portin, diúilicíní agus oisrí lathar na hÉireann.

Caith seal inár siopa ceardaíochta áit a bhfuil togha agus rogha earraí cniotáilte, bréidín, línéadach, móihéar, gréithe Bhéal Leice, criostal Phort Láirge, seodra, pictiúirí srl.

Disco: Aoine & Satharn 10-2am
Ceol Traidisiúnta: Gach Satharn
Stáisiún Peitreal - oscailte go dtí 10pm



LEACRACHA CHONAMARA

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Leacracha, Glanadh Uaigheanna,
Péinteáil srl

Gach eolas ó Jimmy Hughes

MUIR GHEAL TEO

Feirmeacha Bradáin

Leitir Móir, Conamara

Teil: 091-81150/81181

Facs: 091-81286

Máirtín Óg Mac Donnacha Teo

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe Teil: 091-95001

Forbairt Suíomhanna
Clocha • Gaineamh • Graibhéal

• Le hireáil nó ar Chonradh •

Micí Ó Flatharta

An Cheathrú Rua, Conamara 091-95110

Grósaeir, Trádálai
& Búistéir
Flogas

Maitiú na Tamhnaí (1847 - 1923) Diansaothraí agus Scoth Seanchaí

Séamas Ó Cualáin

Ba i nDoire Luanaigh, baile atá ag bordáil ar thrí mhíle soir ó shráidbhaile an Spidéil, a rugadh agus a tógadh Maitiú Ó Curraoin nó Maitiú na Tamhnaí, faoi mar a thugtaí air. D'éir mar instear ba fhear scolbánta crua fáiscithe é le folt breá gruaige a bhí chomh catach leis an madra uisce.

Phós sé Nóra Ní Chualáin a bhí gaolmhar don chaptan loinge, Liam Rua Mac Donnchadha, agus saolaíodh naonúr clainne dóibh - seisear mac agus triúr iníonacha. Ní miste a lua go raibh cáil i bhfad is i ngearr ar an gCaptaen Liam Rua óir b'eisean a thugadh imircigh ón taobh seo tíre go Meiriceá ina bhád mór seoil ar feadh na mblianta. Ag an am bhíodh ar na paisinéirí a gcuid beatha féin a thabhairt leo don aistear fada dainséarach farraige seo.

B'íontach an sracadh oibre a bhí i Maitiú. Fiú go dtí an lá atá inniu ann tá lorg a láimhe le feiceáil ag Fearsa Fáil ar a ghabháltas talún i nDoire Luanaigh áit a ndearna sé tóchair, draenacha is bóithre a mhairfeas le saol na bhfear. Agus maidir leis na cláiocha, a dtugtar "Cláiocha Mhaitiú na Tamhnaí" orthu anois féin, meastar gur iomaí bliain fós iontu.

Is mór an lear scéalta a aithrisítear

faoi shaothraí stuama Dhoire Luanaigh. Tráchtar go dtí seo ar an am ar thóg sé droichidín ar abhainn an Choilligh - soir ó Choláiste Chonnacht - agus nach mó ná sásta a bhí an Loinseach Mór lena chuid oibre óir shíl seisean nach seasfadh an droichidín i bhfad. Isteach le Maitiú ar an droichidín, rinne dreas damhsa air agus dúirt leis an tiarna talún: "Beidh tusa caillte curtha agus beidh an droichidín sin ina sheasamh!" Rud a b'fhíor dó mar tá an droichidín ina sheasamh ansin fós gan bhuíochas don saol.

An Imirce

Ní raibh obair ar bith ós cionn acmhainne Mhaitiú na Tamhnaí. Níor leasc leis cliabh móna a iompar ocht míle bealaigh óna bhaile féin go Poll an Chladaigh i nGaillimh áit ar dhíol sé a chuid éadála ar thrí pingne. Agus ní raibh sé chun deiridh riamh ach oiread leis na fataí

nua. "Fataí Bhóthar na Trá" a thugadh muintir Chois Fharraige orthu de bhrí nach raibh ach boicíní Bhóthar na Trá in acmhainn na fataí nua a cheannach. D'fhaigheadh Maitiú ó 4p go 6p an chloch ar na fataí seo thart ar Lá an Phátrúin (9 Meitheamh) ach thiteadh an luach go dhá phingin an chloch le linn aimsir na Rásaí.

Ar theacht mhí Lúnasa chuile bhliain bhailíodh Maitiú leis go hAlbain lena chorrán leis an bhfómhar a bhaint ansin. B'ait an fear corráin é. Ní dhearna sé an dara glac riamh de dhornán coirce agus bhí sé in ann deich stuca a bhaint, a cheangal agus a stucadh in aghaidh an lae. Sé pingne an stuca an pá a bhí dhó thall agus ní dheachaigh an ghrian i dtalamh lá ar bith nár shaothraigh sé coróin.

D'fhanadh sé in Albain go mbaineadh sé na fataí freisin. D'oibríodh sé seacht lá na seachtaine agus go hionduil bhíodh suas le £50 saothraithe aige is é ag filleadh abhaile faoi Nollaig. Bhíodh androgall air i gcónaí roimh bóithrín na Ceapaí i mBearna mar bhí droch-cháil ar an áit sin i ngeall ar go mbíodh robálaithe folaithe ag ceann an bhóithrín agus iad san airdeall orthu seo - agus go háirithe ar mhuintir Chois Fharraige - a bhíodh ag teacht amach as Cathair na Gaillimhe le go robálfadís iad.

Seanchas is Tairngreacht

I dteannta a bheith ina fhear fíriúil i mbun a shaothair bhí ainm Mhaitiú in airde freisin de bharr a chuid seanchais is tairngreachta.

Ó tharla gur tháinig an tuar faoi roinnt den tairngreacht déantar neamhshuim dí sa lá atá inniu ann. Ach aineoinn sin ní féidir sáru cainteanna mar seo a fháil:

*"Imeoidh an fheamainn den chloch,
Imeoidh an t-iasc den loch,
Imeoidh an t-éan den chraobh
Agus caillfidh na daoine a nádúr".*

"Tiocfaidh an lá go séanfaidh fear a bhó féin ag doras a thí".

Agus é ag caint ar chúrsaí aimsire is cogaidh deir Maitiú: "Níl aon stró go deo ar an domhan nó go dtosóidh na héanacha ag scaipeadh". (Bhíodh

leagan dá leithéid ag Máirtín Ceannaí freisin.)

Deireadh Maitiú chomh maith go dtiocfadh an t-am a bhfiafródh an mac dá athair an raibh breac riamh sa bhfarraige sin (Cuan na Gaillimhe a bhí i gceist); nach n-aithneofaí an mháthair thar an iníon; go dtaistealódh daoine leathchéad míle le breathnú ar shearrach agus go mbeadh Éire faoi uisce seacht mbliana roimh dheireadh an domhain.


*"Tiocfaidh an t-am a mbeidh bóthar ar gach logán,
Teach mór ar gach cnocán,
Droichead ar gach sruthán,
Béarla ag gach blocán,
Cóiste faoi gach breallán,
Is an saol uilig ina bhrochán".*

Tubaiste

Thart ar 1898 tháinig bairille rum isteach le farraige taobh thiar de Chnocán na Gaillimhe i nDoire Locháin. (Ba iad bádóirí Chonamara a thug an t-ainm sin ar an gcnocán mar nuair a thagaidís chomh fada leis an áit seo bhí amharc acu ar Chathair na Gaillimhe soir uathu).

Fuair cúigear ógfhear de chuid na háite bás de bharr gur ól siad an rum amh seo. Duine den chúigear ba ea mac le Maitiú na Tamhnaí agus ní bhfuair bean Mhaitiú mórán saoil ach oiread i ndiaidh na tubaiste. Tháinig scaipeadh is fán ar an gcuid eile den chlann agus bhí Maitiú go huaigheach leis féin i ndeireadh a shaoil.

Is i Reilig Bhearna atá an dea-fhear seo ag fanacht leis an Aiséirí, go ndéana Dia trócaire air.



Oireachtas 1992


An Daingean, Co. Chiarraí

23 Deireadh Fómhair - 1 Samhain

Dátaí Deireadh Iontrála
Na Comórtais Ardáin 11 Meán Fómhair


Liosta Lóistín, Clár Comórtas agus gach eolas le fáil ó:

**Oifig an Oireachtais,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2
01-753857**



Cóil a'Ghabha (RIP), Na hAille, Indreabhán

(Pic: Tadg Ó Céidigh)



FUINNEOGA CHONAMARA TEO

AN TULACH, INDREABHÁN
091-93081/93085

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca Garáiste Mhic Oireachtaigh

An Cheathrú Rua, Teil: 95114

Togha Seirbhís ar fáil
Seomra Spraeála
Boinn
Peitreal & Díosal

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

FEIRM ÉISC CHUIGÉAL TEO

An Bóthar Buí, An Cheathrú Rua
091-95018

Dé hAoine 11ú Meán Fómhair

- 8.00pm **OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE** le Nóra Pheait Willy Ní Ghríofa (Rós Chonamara '92) san Ionad Pobail i gCamus. Neart ceoil, amhránaíocht agus craic, le haionna speisialta.
- 9.00pm **CEOLCHOIRM NA HOSCAILTE** le Dordán, Ceoltóirí Chamuis agus Comhaltas Charna
- 11.00pm **CÉILÍ** san ionad pobail – Banna Ceoil PJ Óhlarnáin agus Swallow's Tail. *Síneadh ama sa mBeár.*

Dé Sathairn 12ú

- 11.30am **COMÓRTAS IDIR MHONARCHAIN** á eagrú ag Údarás na Gaeltachta ar Pháirc Chamuis. *Eolas: Peadar Ó Maoláin 92011*
- 9.00pm **SEISIÚN CEOIL** sa mBeár – Ionad Pobail Chamuis
- 11.00pm **DAMHSA GHEALACH AN FHÓMHAIR**



MÁIMÍN CAJUN BAND
Bronnfar duaiseanna an lae i rith na hoíche. Ionad Pobail Chamuis *Síneadh ama sa mBeár*

Dé Domhnaigh 13ú

- 11.00am **Aifreann an Phléaráca** i gCamus
- 2.00pm **TURAS NA NGLEOITEOG** faoi Dhroichead an Daingin, suas Cuan Chamuis ag fágáil ó Chéibh an Mháimín. *Urraithe ag ISPG*
- 2.00pm **LÁ SPÓIRT AGUS SCLÉIP** do chuile dhuine ar pháirc Chamuis – *Eagraithe ag Coiste Pobail Chamuis le urraíocht áitiúil*

- Aclaíocht (100m, 200m, 400m agus an Léim Fhada)
- Rása an Tower (Rása Bóthar 7 míle)
- Taispeántas Javelin & Discus
- Tarraingt Téide cosnochtaithe do fhir is do mhná
- Caitheamh Crúiti
- Caitheamh meachain (28pt) le haghaidh Sciath Bheartla Breathnach bronnta ag Criostóir Breathnach, Ros Muc

- 3.30pm **RÁSAÍ CURRACHAÍ OIBRE** (idir adhmaid agus canbhás) *Ionad an stáisiúin leictreachais, Scrib. Urraithe ag Teach Scribe*
- 4.00pm **SEOLADH CLUB ACLÁIOCHTA BHEARTLA BREATHNACH**
- 4.30pm **PARÁID & SEÓ MACNAS** i bPáirc Chamuis.
- 4.30pm **COMÓRTAS SAIGHID** (Darts) agus Pool in Ionad Pobail Chamuis, idir seaimpiní na dtithe tabhairne sa gceantar, le seaimpiní Chonamara a aimsiú.
- 4.30 -5 **SROICHINT NA MBAD SEOL** a gceann scribe ag Dún Mánas
- 8.00pm **SEISIÚN CEOIL** sa mBeár in Ionad Pobail Chamuis le Ceoltóirí Chamuis & Aoíanna Speisailta
- 10.30pm **CÉILÍ MÓR AN PHLÉARACA** le SHASKEEN *Síneadh ama sa mBeár* (Brabach na hoíche le haghaidh foirithint ar mhuintir Somalia)

Dé Luain 13ú

- 6.30pm **SIAMSA IN ÁRAS MHIC DARA**, An Cheathrú Rua
- 7.30pm **'MUINTIR CHONAMARA & ÁRAINN'** Taispeántas Grianghrafanna á oscailt ag Noel Browne i nDánlann Cloiche an Spidéil
- 7.30pm **BÉALOIDEAS NA SCOL** – Taispeántas de Bhéaloideas a bailíodh i scoileanna Chonamara breis agus leath chéad bliain ó shin á oscailt ag Máire Geoghegan Quinn, an tAire Cumarsáide, Turasóireachta agus Iompar sa Chluid, Tír an Fhia. – *Eagraithe ag Muintearas.*



- 9.00pm **COMÓRADH** curtha i láthar Sheáinín, Tighe Mór.
- 9.00pm **OÍCHE SIAMS** Chualáin, Coi Cumann Forl Fharraige.

Dé Máir

- 7.00pm **TAISPEÁNTAS** Phléaráca – O gConamara á Ceathru Rua lomaire.
- 9.00pm **ÁIRNEÁN** – ve agallaimh be agus scéalaío á chur i láthar Neachtain i d ar an mBántr

Dé Céada

- 8.00pm **SEOLADH CA** Scéalaíochta i Diarmada ag Tom ÓFlathas Carna. Oíche Seanch Scéalaíochta Éamonn ÓCor chairde – *Urraithe ag Chonamara T*
- 8.30pm **'CONNELLY'S'** nua 30 nóim. Bhaldrathes anuraidh. An Chistin



Macnas i mbun a gcuid géaltsíochta leis an seó CAPALL. Beidh an seó céanna le feiceáil i gCamas ar an Domhnach, 13ú Meán Fómhair.

Go n-éirí leis an bPléaráca

MoreNet
TREALLAMH (ÉIRE) TEO.

Eastát Tionsclaíochta Thír an Fhia, Leitir Mór
Teil: 091-81144 Facs: 091-81296

Seirbhís don Tionscail lascaireachta

Níochán & Deisiú Eangachaí

Déantóir Eangacha

Soláthraí Rópaí, Eangacha, baoití agus éadach sábhála

Noel Mac Donnacha

An Cheathrú Rua
Fón: 091-95111

BUSANNA AR HIRE

Turais Scoile • Bingo • Portach

Sa mbaile agus thar lear

Níoclás P. Ó Conchubhair

Leitir Móir
Teil: 81114 (obair); 81102 (baile)

SIOPA CRUA EARRAÍ

*Tá ábhar tithe ar fáil anseo
Tá gach saghas adhmaid ann
Gach cineál péint ann
Agus tearra le haghaidh báid*

Meitheal Forbartha na Gaeltachta ag cur Clár Leader i bhfeidhm sa Ghaeltacht

I samhradh 1991 tháinig os cionn 100 grúpa pobail, comharchumann, coistí pobail le chéile i gcomhar le Roinn na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus Ollscoil na Gaillimhe chun an grúpa Meitheal Forbartha na Gaeltachta a bhunú.

Aitheantas do eagraíocht Gaeltachta

Bhí sé i gceist ag an eagraíocht seo, Meitheal Forbartha na Gaeltachta, iarratas a chur chuig Clár Leader, ceann de chláracha forbartha atá ag Coimisiún an Chomhphobail Eorpach. Sular cuireadh an t-iarratas ar aghaidh chuig Clár Leader, bhí ar MFG aitheantas, a fháil don Ghaeltacht mar réigiún ann féin. D'éirigh le MFG an t-aitheantas seo a fháil. Tháinig na Coistí áitiúla le chéile go réigiúnach sa Ghaeltacht chun an t-iarratas a ullmhú leis an Údarás agus le Roinn na Gaeltachta. Ba é oifig Carrefour in Ollscoil na Gaillimhe a d'eagraigh an t-ullmhúchán.

An Clár Leader - Aidhm

Tá sé mar aidhm ag Clár Leader cúnamh a thabhairt don iarracht áitiúil achmhainní agus deiseanna nádúrtha ceantair tuaithe a chur chun cinn ón mbun aníos chun modhanna saothrú a leathnú amach, saothrú a fheabhsú agus chun a chinntiú go bhfuil an bunstructúr sóisialta (a bhraitheann go leor ar an saothrú áitiúil) sásúil agus ag forbairt. Tá sé i gceist Clár Leader a úsáid mar chuid den staidéar ar bhealaí éagsúla chun forbairt ón mbun aníos a chur i bhfeidhm. Sa gcás seo tugadh airgead mór do na coistí réigiúnda chun clár oibre a bheadh curtha le chéile ag na coistí áitiúla a chur i gcríoch.

Structúr an Eagraíocht

Tá MFG á stiúradh ag Lár-Choiste agus trí choiste réigiúnach, Tír Chonaill, Connacht agus An Mhí, agus Cúige Mumhan. Naonar atá ar an Lár Choiste atá faoi chathaoirleacht Phádraig Uí Dhurcáin (Roinn na Gaeltachta), le beirt ionadaithe ó gach ceann de na trí coistí reigiúnda agus ionadaí amháin ó Údarás na Gaeltachta agus ó Ollscoil na Gaillimhe. Aon duine dhéag atá ar Choiste Réigiúnda Chonnachta agus na Mí - naonúr tofa ag na coistí ó na coistí áitiúla agus duine araon ón Údarás agus ó Roinn na Gaeltachta. Tugann an ionadaíocht seo léiriú ar thábhacht na gcoistí áitiúla sa gClár.

Déanfaidh an Coiste Réigiúnda moltaí ar na tograí a chuireann an oifigeach forbartha ós a gcomhair. Rachaidh na moltaí sin ansin ar aghaidh chuig an Coiste Láir. Beidh an focal scoir ag an gCoiste Láir.

Aidhmeanna Mheitheal Forbartha na Gaeltachta

Seo iad a leanas na aidhmeanna atá ag MFG.

- Cabhair a thabhairt do ghrúpaí pobail feidhmiú go h-éifeachtach mar eagraíochtaí forbairt tuaithe.
- Na buntáistí as tionscal turasóireacht Gaeltachta ó thaobh ioncam agus fostaíochta de a chur i bhfeidhm. Go mbeadh jobanna agus ioncam ó thionscal na turasóireachta bunaithe ar an sochmhainn is tábhachtaí atá ag

an nGaeltacht - "Teanga, cultúr, oidhreacht agus timpeallacht na Gaeltachta".

- Deiseanna fostaíochta a chur ar fáil tré ghníomhaíochtaí pobail i ranna ina bhfuil buntáistí nádúrtha agus straitéiseach ag an gceantar.
- Deiseanna maithe margaíochta a aithint do tháirgí feirme agus farraige agus próiseáil áitiúil na dtáirgí seo a chur chun cinn.
- Chun ár dteanga agus cultúr a chaomhnú agus a neartú agus ag an am céanna na buntáistí eacnamaíochta a thagann ó na h-achmhainní seo a mhéadú.

Ceadaíodh deontas de £1.65m do MFG Teo. le Clár Leader a chur i bhfeidhm sa nGaeltacht, thar 2 bhliain. Tá an t-airgeadú á dhéanamh ag an gComhphobal Eorpach (60%) agus ag an Roinn Talmhaíocht agus Bia (40%).

Tá an t-airgead seo á roinnt go cothrom idir na trí réigiún ach scéimeanna feiliúnach a bheith ar fáil. Sa gcás seo tá buiséad de £500,000 tar éis Costas Riaracháin, ag réigiún Chonnachta agus na Mí. Tá 60% den airgead atá ceadaithe curtha ar leataobh le cabhair a thabhairt do thurasóireacht Gaeltachta.

Cúnamh do thograí

Beidh cúnamh ar fáil do raon leathan tograí éagsúla ar nós an turasóireacht, an tionscail sliogéisc, earraí nádúrtha talamhaíochta agus farraige, pleananna timpeallachta, forbairt pobail, scéimeanna traenála agus miontionscal teangan agus cultúr.

Uasmhéid de £50,000 nó 50%

Cúnamh 50% de na costais nó cúnamh nach dtiocfaidh thar £50,000 a cheadaítear d'aon tionscnamh, pé acu is lú.

Is féidir le MFG dul i gcabhair ar thograí a bhfuil cúnamh faighte acu ó chóras eile cosúil leis an gCrannchur Náisiúnta m.sh. fhaid is go bhfuil an cúnamh sin faoi 50% den chostas. Ní féidir le aon chúnamh áfach fiú le tacaíocht

Leader a bheith níos mó ná 50%. I gcás tograí go raibh airgead nó cúnamh deontais ceadaithe dóibh cheanna féin ó fhoinsí eile stáit, beidh MFG ábalta cúnamh breise a cheadú má bhíonn forbairt breise á dhéanamh ar na tograí sin. Ní cháilíonn costas talamh ná foirgnimh ná mór-chaiteachas caipitil.

I gcásanna nach gceadaítear deontas ó Chlár Leader tabharfaidh an tOifigeach Forbartha Réigiúnda agus an Coiste Réigiúnda gach cúnamh chun an scéim a chur ar aghaidh chuig aon fhoirse Rialtais nó Comhphobail atá feiliúnach.

Treorlíní Scéimeanna:-

Tabharfar na treorlíní seo leanas san áireamh nuair a bheidh iarratais á mheas:

- Go mbeadh leas Phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge á chur chun cinn.
- Go mbeadh sé i gcumas an iarratasóra an scéim a chur i gcríoch agus a rith go h-éifeachtach.
- Go mbeidh seasamh maith pobail ag an scéim.
- Go gcuirfeadh deontas ó Chlár Leader go mór le dul chun cinn na scéime.
- Go mbeadh an scéim riachtanach.
- Go mbeidh an scéim ag teacht le aidhmeanna MFG.

Foirm iarratais

Caithfidh an t-iarrthóir atá ag lorg cúnamh ó Chlár Leader foirm iarratas a líonadh agus a chur ar ais maraon le táille iarratas £50 chuig Ivan Mac Philip, Oifigeach Forbartha Réigiúnda, Meitheal Forbartha na Gaeltachta, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Beidh fáilte roimh aon eolas breise a thabharfar m.sh. plean gnó nó staidéar féidireachta.

Beidh Ivan Mac Philip, Oifigeach Forbartha Réigiúnda ar fáil chun eolas agus cúnamh a thabhairt do aon iarrthóir leis an an foirm iarratais a líonadh.

Má tá tuairimí maidir le cúrsaí forbartha agaibh déan teagmháil le Ivan Mac Philip, Oifigeach Forbartha Réigiúnda, Meitheal Forbartha na Gaeltachta, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Teil/Facs: 091- 93017.

Nóta:-

Beidh oifig Réigiúnda Mheitheal Forbartha na Gaeltachta ar oscailt i lár mí Meán Fómhair, 1992. Tá an oifig seo trasna ó Ghairmscoil Cholmcille, Na hAille, Indreabhán, agus díreach le taobh oifigí Chomharchumann Shailearna Teo.

BAINISTEOR NUA CEAPAITHE AR CHOMHARCHUMANN SHAILEARNA TEO. & FÓD GLAS TEO.

Tá Gearóid De Faoite tar éis a bheith ceapaithe mar bhainisteoir ar Chomharchumann Shailearna Teo. agus Fód Glas Teo. in Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Roimhe seo bhí Gearóid féin-fhostaithe lena chomhlacht féin in Ionad Tionsclaíochta Sandy Road i nGaillimh. Iar mhicléann de Cheard Choláiste Réigiúnaigh na Gaillimhe tá sé cáilithe le Teostas Náisiúnta i gCeimic.

Tá roinnt mhaith taithí bainistíochta ag Gearóid sa tionscail Leictreonach agus Bia. Bhí sé fostaite mar oifigeach riaracháin le Elkay Eireann i gCúla agus tar éis sin le Connemara Electronics i gCúla na Rón, mar bhainisteoir.

Tá Gearóid ceapaithe in áit Ivan Mac Philip atá tar éis a dhul i mbun oibre le Meitheal Forbartha na Gaeltachta, eagraíocht atá bunaithe le Clár Leader a chur i bhfeidhm sa nGaeltacht.

Go n-éirí leis an bPléaraca

Tigh Joe Joe Mac an Iomaire, Tír an Fhia & Pádraig Mac an Iomaire, Ros a'Mhíl

• SIOPADÓIRÍ •

Grósaera - Beatha Beithíoch
Seirbhís Iomlán Sochraide ar Fáil • Adhlacóirí
Gach eolas ach glaoch ar 091-81127/72130/95022

J. Walsh MPSI
Cogaslann

An Spidéal
Teil: 091-83201

CENTRA

SIOPA AN
PHOBAIL

Indreabhán

Ollmhargadh den scoth
Peitreal, Leabharlann
Fístéipeanna, Báicéire
Feoil Úr, Iasc Úr, Lotto

Buaiteoirí Gradam 'Q'

Cas Amhrán: Pluid Dhorcha Lára

Nach suarach an *pastime* a fuair mise
le fada
A' cur tuairisc phluid dhorcha Lára,
I leaba bheith freastal amuigh i mo
gharraí
Nó i ngreim i mo dhá mhaide ráimha.
B'fhearr liomsa maraithe nó curtha
beo i dtalamh
Ná bheith beo roimh an anró atá i
ndán dúinn.
Má tá sí sa bpobal, i gclaise ná i
glochiar
Dar m'fhocal dibh cuirí ar fáil í.
D'éirigh mé ar maidin is thug mé mo
mhaide liom,
Shiúil mise amach ag Tí Lára.
Éirigh, a rud salach is tabhair
comhartha ceart dom
Ar éadach leapan do pháiste.
An taobh a bhí ceart di bhí fionnadh
mór fada air
Is an taobh eile chomh min leis an
bpláta.

Ná déan ach gabh abhaile is glac
comhairle carad
Mar dheamhan blas a gheobhfáir go
brách di.
Thóg mise an traein ar uair a dó
dhéag
Is chuaigh mé go *Queenstown* an lá
sin.
Shiúil mise Éirinn thart timpeall fré
chéile
Ansin agus trí oileán Árann.
Théis an méid trioblóid a fuair mé á
lorg.
Ó Chorcaigh go bun Chruach
Phádraic,
Cá mbeadh sí ach sa seomra ag
Beairtín Ó Cuana
Le haghaidh Bhríd Óg is na páistí.
Dá mbeadh sí sa seomra ag Beairtín
Ó Cuana
Chaitheadh sé amach ar an tsráid í.
Ní hé sin ag Aindí nár chleacht

ariamh tada,
Ní raibh faoi ná thairis ach málaí.
Bhí leaba thart aige ar nós chuile
bhacach
Is bhí ordóg i bpolláirí a mhná thuas
Ar fhaitíos go gcasfaí ann iarraidh de
bhacach
Is go dtosódh sé ag gabhail ar a
cnámha.
Is ar chuala tú an *battle* a bheas thiar
anseo i gCaisín,
Is tosódh sé an chéad lá de Mhárta.
Beidh soithigh na Bainríona ann lán
suas le airm,
Beidh an Turcach, an Francach is an
Spáinn ann.
Tá an *Russian* ag teacht ann é féin is
a chuid feara
Is tógfaidh Meiriceá láimh leis.
Dheamhan fear a bheas againn a
chuirfeas an tEarrach
Mura bhfaigh muid pluid dhorcha
Lára.

Tráthnóna Dé Domhnaigh chuaigh
mise a' siúlóid.
Shiúil mé Ros Muc is Coill Sáile,
Thart anonn go ndeachas go
Dubhros,
An Cnagaire is Ceathrú na Madraí.
Gabhail anoir ag Tigh Wallace
casadh fear feasa dom
Is bhain sé trí *toss* as na cártaí.
Ná déan ach gabh abhaile go dtí'n
Doirín Darach
Mar is ann atá pluid dhorcha Lára.

Tá eascaine an tsagairt ag titim ar
Aindí
Ó ghod sé an phluid dhorcha ó
Lára.
Dheamhan breac a mharódh sé ó
Luan go Satharn
Dá mbeadh an fharraige lán leo.
Séard dúirt a bhean leis tabhair aige
abhaile í
Is cá bhfios nach dtógfadh sí an smál
dinn.
Nach maith atá fhios agatsa ó aimsir
an tsneachta
Go ndearna mé léine agus drár di.

Na mná bhí á deilbh bhí siad faoi dheifir
Is níor chuir siad aon chríos ach ar
cheann di.
Tá bua agam orthu, ní féidir í lochtú
Ní luíonn na *bugs* ar phluid Lára.
Níl cailín óg dathúil dá ndéantar a
cleamhnas
Nach mbeidh ar thuairisc phluid
dhorcha Lára,
Mar dá bhfaigheadh sí trí oíche í le
scaradh ar an leaba
Bheadh mac aici i gceann na trí ráithe.

Chuir Henry Lochlainn litir ag Colm,
stampa 'gus scéala uirthi fáiscithe
Gan cónaí ná stopadh go dtéadh sé go
Corcaigh
Gan aon phingin costais ná pái.
Bhí sé faoi dheifir ag gabhail go Ríocht
Eibhir
Níor labhair sé ach aon fhocal amháin
leis;
Gur daoine gan deifir ná imní faoi obair
Bheadh cur tuairisc phluid dhorcha Lára.

Bhí mé an lá cheana is mé a' siúlóid i
nGaillimh
A' fanacht go snámhfadh na báid ann;
Cé d'fheicfinn a gabháil tharam taobh
thall ar an mballa
Ach seanbhean gheanúil as Malbay.

An tusa Aindí Ó Ceallaigh, ó thrial mise
i bhfad ort
Gabh anall nó go gcra ithfidh mé lámh
leat.
Is beannacht na bhflaitheas le h-anam do
mharbh
Is góil dom pluid dhorcha Lára.

A chailín óg gheanúil, pér bith cérb as tú
Ní maith liom tú mhaslú sa gcás sin.
Tá mé trom tuirseach ó d'fhága mé an
baile
Ag imeacht is maide i chaon láimh liom.
Olann gan bealadh is deacair í a scalladh
Is ní téidir í shníomh nó a chárdáil.
Dá bhfaighinnse braon fuisce a thógfadh
mo mhisneach
Is deas a déarfainn pluid dhorcha Lára.

Bhí mé an lá cheana is mé a' comhlint le
carad
Is chonaic mé an feithideach gránna.
Bhí rud mar bheadh lacha ann aige faoin
ascaill
Bhí an phluid dhorcha síos lena shála.
Lig mé fead ar an mada go ruaigfinn ón
teach é
Ar eagla go scanródh sé an páiste.
Is cé d'fheicfinn agam ach Aindí Ó
Ceallaigh
Is ní thabharfainn deoir agat le náire.

GRADAM NA HAMHARCLAINNE DO DHRÁMAÍ NUASCRÍOFA

£1,500 • Trófaí • Léiriú Stáitse

Comhairle/Tacaíocht

- Réamh-léirmheas
- Plé leis na léirmheastóirí (mar rogha)
- Obair Thriaileach Stáitse (mar rogha)
- Deis chun athscríobh

Iontráil roimh 1 Samhain 1992
Eolas Breise agus Foirm Iontrála ó:

An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta

Camus, Conamara
Teil: 091-74146 nó 74155



Forbairt Pobail Teoranta

An Spidéal

Go n-éirí leis an bPléaraca!

Pól Ó Foighil
Teil: 091-83480

Ceardlann an Spidéil



Fíodóireacht
Cnlotáil
Clódóireacht
Seodóireacht
Potaireacht
srl.

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!

BRADÁN MARA TEO.

Leitir Ard, Caiseal, Co. na Gaillimhe • Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe

Táirgeoirí Bradán den scoth.
Ag Soláthar Fostaíocht do
Mhuintir Ghaeltachta sa nGaeltacht

• GAELIC SEAFOOD HOLDINGS LTD •



Tigh Pheadar Mhoir, An Bántrach, áit a mbeidh Áirneáin ar bun ar an Máirt 15ú Meán Fómhair, le Joe Steve Ó Neachtain ina fhear an tí.

Fón: 091-51862
Facs: 57454

MHL

Bóthar Thuama
Gaillimh

MORAHAN & HUGHES LTD.

Earraí Tógála, Pluiméireachta & Teasa

*Déan do mhacramh
agus do mhacraas
agus do phléaraca
i seomra foiletha
feistithe le
dea earraí
Morahan & Hughes.*

Tigh Ruairí

• INIS OÍRR •

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

**ÓSTA, LÓISTÍN
B&B
SIOPA**

Teil: 099-75002



Taibhdhearc na Gaillimhe

• Amharclann Náisiúnta na Gaeilge •

LÉIRITHE LE TEACHT

- | | |
|-------------------|--|
| 9 – 11 M. Fómhar | Aisteoirí Óga na Taibhdhearca
le PUIPÉIDÍ AN MHAIDE BHIG
le Federico Garcia Lorca |
| 27 – 30 M. Fómhar | Compántas na Taibhdhearca
le SEODA ÓN OPERA 3 |
| 18 – 25 D. Fómhar | FÓMHAR FIÁIN – aistriúchán ar
Wild Harvest le Ken Bourke
á léiriú ag Compántas na Taibhdhearca |
| 2–9 Nollaig | Seó na bPáistí
BEARNAÍ le Michael Mullen |

Áirithint: 091-63600 Oifig: 091-62024 Facs: 091-63195
Taibhdhearc na Gaillimhe, An tSráid Láir, Gaillimh



Baineann obair Chonradh na Gaeilge le gach gné de shaol na Gaeilge.

Bíonn ár gcaobhacha ar fud na hÉireann ag saothrú go dian chun

- tacú leis an nGaeltacht;
- cearta a bhaint amach do phobal na Gaeilge;
- stádas oifigiúil a bhaint amach don Ghaeilge sna Sé Chontae;
- tacú le naíonraí agus le scoileanna lánGhaeilge;
- staid na Gaeilge a fheabhsú ag gach leibhéal den chóras oideachais;
- stáisiún teilifíse lánGhaeilge a fháil bunaithe;
- breis chláiracha Gaeilge a fháil craolta ar an teilifís agus ar an raidió.

Beidh Cothram Céad Bliain Chonradh na Gaeilge á cheiliúradh againn in 1993 – Bliain na Gaeilge. Ceiliúradh agus comóradh náisiúnta é seo a bheidh ar siúl i ngach contae agus i ngach réigiún den tír.

Cláraigh linn agus glac páirt inár gcuid oibre ar son na Gaeilge.
Conradh na Gaeilge,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-757401/2

ACM ROOFING

Carna, Conamara Fón: 095-32251 Facs: 095-32341

**Saineolaithe
Ar Chúrsaí
Díonta**



Tá ACM i mbun oibre le os cionn 20 bliain. Tá jabanna móra á ndéanamh againn ar fud na tíre. Bheadh áthas ar Shéamas Breathnach comhairle agus luach il a thabhairt sear in aisce.

Tá margadh maith againn freisin in earraí iarainn Ráillí, Frámaí, Clós ceansú Beithiogh, Geataí.

An Braon Anuas? ... Glaoigh Orainn
Áras gan ceann? ... Glaoigh Orainn
Fráma Cruach Foirgnimh? ... Glaoigh Orainn

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca!

Muintearas

Tógra Oideachais Gaeltachta

Leitir Móir, Gaillimh

Fón: 091-81145/81155/81300 Facs: 81277



Le tacaíocht ó
Údarás na Gaeltachta
Coimisiún na gComhphobal Eorpach
Fondúireacht Bernard van Leer
An Roinn Oideachais
An Crannchur Náisiúnta

**Scéim Réamhscóile do Thuismitheoirí –
Fóilsitheoireacht Téacsleabhair – Scéim
Tacaíochta do Bhunscoileanna –
Scéimeanna don Óige – Mná sa bPobal –
Forbairt Oldhreachta – Oideachas Pobail**

Ag obair i gCorca Dhuibhne, Conamara, Muigh Eo, Tír Chonaill agus ar fud na Gaeltachta

Cá'l siad anois?

Ar dheis: Foireann peile Chlub Óige na Tulaigh (1982), Cailíní faoi 16 bliana.



Cá'l siad anois?

Thíos: Rása bóthar do ghasúir faoi 8 mbliana i gCill Chiaráin (1982).



Cá bhfuil siad anois?

Ar chlér: Buaiteoirí Rása Cailíní f.10. (18.7.82)
1ú: Treasa Ní Fhlatharta (Ros Muc)
2ú: Siorcha Ní Chonghaile (Camus)
3ú: Breda Ní Chonaire (Ros Muc)



Cá bhfuil siad anois?

Thíos: Gasúir scoile Inis Meáin lena múinteoirí Áine Bn de Blácam agus Máirín Bn Uí Chonghaile.



Cas Amhrán: Amhrán na nAsal

Is iomai scéim tagtha go dtí'n tír ón
am fadó 'raibh muid óg,
Is nar dúradh linn sa tairngreacht go
dtiocfadh athrú mór.
Nach dtáinig scéim na feamainne is
na slata mara on toinn?
Ach siad na tincéirí 's na hasail, siad
is fearr ná chuile ní.

Is tá an áit seo 'na chior thuathail
anuas anois le mí
Níl call dúinn aon *loud-speaker* a
bheith ar na crosbhoithrín
Tá an G. S. R. mar tá sí anoir 's an
G.B.C.

Is tá 'sheacht míle mallacht fógraithe
orthu ag *Bulfin* as *Bleá'n Ri*.

Ó 'gus casadh *Baba Seoighe* orm is í
rímeadach go leor,
Mar dhíol sí an dá asal, an ceann
beag is an ceann mór.
Na spoireanna a bhí ar an seanlead
dhéanfadh siad ancaire báid mhóir,
Is go gcoinneodh siad bád Cheoinín
ar feadh seachtaine ar an ród.

Agus d'fhága mé an baile lá le
ghabhail go Gaillimh síos,
Go gceannóinn cúpla banbh nó ag
iarraidh earraí le haghaidh an tí.
Ag gabhail amach ag Cloch a'
Tortain dom, soir ag Tigh Joseph Lee
Is go rabhadar romham na
sratharacháí go Tigh Mhicilín Ó Nia.

Bhí asail agus caiple ann is múillí go
leor.
Bhí an *jennet* aniar chun deireadh
orthu is e ar bheagán luid.
Ach fan' í liom go fóilleach beag is
ba ghearr
gur bhog sé 'un siúil,
Mar bhain sé an geall ag Daingean
díobh is bhí sé istigh Tigh Darby
romhab.

Is chuaigh go leor acu soir as
Garumna is go leor as Leitir Móir,
Aniar as Leitir Caladh 'gus soir as
Cuigeal Mór.
Bhí an pocaide aniar chun deireadh
orthu, é féin is é 'na mheall,
Mar d'ith sé garraí fataí bhí ag
Tomás Sheáinín Sheáin.



Agus casadh Táilliúr Mharcais orm
ar maidin go moch Dé Luain
Gabhail aníos ag Tigh Frank Gorman
ag iarraidh mála plúir.
"Anois," a deir sé, "tá mé i mo asal
níl agam ach mo dhroim.
Ach an té a cheap scéim na n-asal
amach go mba gairid gearr a shaol.

Is ansin a labhair Frank Gorman "I
think you are a fool,
You sold your bloody donkey as I heard
it from Joe Chóil.
What made you be so silly Mac, sure
that's what tickles me,
While you live again you'll remember
the day the tinkers came Tiernia.

Ó is ansin a labhair Máirtín Learaí
mar is fear é a bhí barúil grinn;
"Nach dona an scéal san earrach é ní
bheidh asal ins an tír,
A tharraingeos móin ná feamainn
dúinn is tá na *lorries* ag fáil an-daor.
Ach beidh fábhbar Mhichael Mór
againn i Maimín is i dTír an Fhia.

Agus tiomaineadh go Gaillimh iad is
as sin ar thraen Bhleá Cliath.
Bhí bád Liverpool á dtarraingt is bád
Hollyhead ar ndóigh.
Nár chuala mé 'gabhail tharm é gur
báitheadh dhá bhád nua
Mar bhí iomarca luicht ar bord acu is
chuaigh luach na gcéadta amú.

Is tháinig scéala anall as Liverpool
chui *coastguards* Ros a' Mhíl;
"Ó fair 'mach sna cuanta do na báid
is do na lín.
Mar beidh siad a' teacht sna potaí
gliomach agaibh, is beidh na potaí
taisc' thar maol
Is beidh siad a' teacht sa bhfeamainn
reatha agaibh le n-ithe 'na *free beef*".

Is nach é trua nár tháinig an scéim
seo amach i 1933,
Nuair a chuaigh De Valera i
gcathaoir is thug se *dole* dúinn is *free*
beef.
Bheadh cnámh ag cat is ag mada air
le tarraingt trid an tír.
Nár gheall le tarbh Bharrett iad a
ghearradh leis an scian.

Agus tiomaineadh go Euston iad is
ar thraen an *Irish Mail*,
'Gus luchtáidh isteach sna heitleáin
iad le dhul amach Korea.
Tá an oiread eile fágtha fós le dhul
go *Germany*,
Ach scanróidh banríon Shasana is
gan an choróin uirthi ach le mí.

Agus seo é críochnú an amhráin
agus tá deireadh le mo scéal
Nuair a chruinnigh uaisle Shasana
agus chonaic siad na *beasts*;
"These buggers are *Irish donkeys* who
are seeking liberty,
It looks like a rebellion but we'll win the
victory.

Ba é asal Mháire Ní Eidhin a labhair
is ba mhaith é a sheasamh ansiúd;
"Mar gheall ar na Sé Chontae a
cuireadh muid 'un siúil.
Ó troidfear sibh is dóirtfear fuil is
beidh an *sway* againn ins gach cath.
Is beidh an bratach uaithe in airde
againn Lá Fhéil' Pádraig i *mBelfast*".

Féinrialtas ar Mhanainn

Chaith mé féin, an bhean agus na gasúir seachtain ar
Oileán Mhanainn le gairid. Áit spéisiúil le haghaidh saoire
é gan dabht ar bith ach ní ar sin is mó a bhí aird agamsa, tá
faitíos orm, ach ar chomh suimiúil agus atá an t-oileán ó
thaobh riaracháin agus polaitíochta de. Teipeann glan orm
dul ar saoire mar a dhéanfadh duine eile...

Níl ach 70,000 duine ar Oileán
Mhanainn uilig ach tá rialtas dá
gcuid féin acu. (Cuimhnigh go bhfuil
os cionn 80,000 duine sa nGaeltacht
oifigiúil sin againne). Tá an rialtas
seo freagrach as riarachán an oileáin
ó bhun go barr, cé's móite de
ghnóthaí eachtracha agus cosanta.
Faoi Shasana atá siad sin - fós.

Níl Oileán Mhanainn sa
gComhphobal Eorpach ach oiread sa
gciall a bhfuil muid istigh ann.
B'éigean a theacht ar shocrú
speisialta leo nuair a bhí an
Bhreatain ag gabhail isteach.
Ballraíocht theoranta atá acu -
"associate membership", mar a tugtar i
mBéarla ar. Agus a liachtaí uair a
dúradh linne nach féidir maireach-
táil taobh amuigh den Chomhphobal
Eorpach chor ar bith!

Tá Príomh-Aire ar an rialtas atá
acu agus naonúr airí faoi. Ar na
hAireachtaí sin tá oideachas, sláinte,
tionsclaíocht, iascaireacht 7rl.
Ceathrar teachta agus fiche (24) atá
sa bparlaimint - House of Keys. Mar
neamhspleáigh a thoghtar ar fad iad
cé go bhfuil a bhformhór báuil le
polasaithe coimeádacha agus an
dream a bheadh báuil le leagan
amach an Lucht Oibre sa mionlach.
Ach sa deireadh thiar thall is don
oileán atá siad uilig dílis agus ní ag
damhsa de réir phort na bpáirtithe
móra mar a bhíonn ionadaithe a
bhfuil aithne againne orthu.

Tá buntáiste mór amháin ag na
Manannaigh ó thaobh córas rialtais
de, ar ndóigh i.e. go bhfuil traidisiún
fada riaracháin acu. Údar mór gaisce

**"... Níl ach 70,000 duine ar
Oileán Mhanainn uilig ach
tá rialtas dá gcuid féin
acu. (Cuimhnigh go bhfuil
os cionn 80,000 duine sa
nGaeltacht oifigiúil sin
againne) ..."**

acu is ea go bhfuil a bParlaimint
1,000 bliain d'aois. B'iad na
Lochlannaigh a chuir an córas ar
bun. Chuile bhliain déantar
comóradh ar an tús stairiúil sin.
Tugtar cruinniú poiblí den rialtas le
chéile amuigh faoin aer i lár an
oileáin agus léitear os ard i
Manannais agus i mBéarla na dlithe
a rinneadh i gcaitheamh na bliana.

Níl an t-oileán ach tríocha míle
(30) ar fad agus trí mhíle dhéag (13)
ar leithead ach bíodh is go bhfuil an
rialtas láir buailte ar chuile dhuine
agus aithne phearsanta acu ar an
gcuid is mó de na teachtaí
parlaiminte tá córas rialtas áitiúil acu
freisin! Tá cheithre cinn fhichead (24)
de chomhairlí áitiúla ar an oileán,
idir na comhairlí atá sna bailte móra,
na cinn atá sna bailte beaga agus na
comhairlí atá sna paróistí tuaithe.
Seo a leanas an chaoi a bhfuil siad
roinnte:-

Bailte Móra	Daonra	Tithe
Douglas	22,214	8,447
Ramsey	6,496	2,740
Peel	3,829	1,462
Castletown	3,152	1,237



• Seosamh Ó Cuaig

Bailte Beaga	Daonra	Tithe
Port Erin	3,024	1,240
Port St. Mary	1,762	710
Laxey	1,367	584
Onchan	8,483	3,349
Michael	1,244	454

Paróistí	Daonra	Tithe
Andreas	1,156	455
Arbory	1,661	684
Ballaugh	802	346
Braddan	2,046	687
Bride	418	170
German	1,025	398
Jurby	682	234
Lezayre	1,502	622
Lonan	1,232	502
Malew	2,216	852
Marown	1,553	600
Maughold	828	349
Patrick	1,192	444
Rushen	1,446	588
Santon	457	162

Oil. Mhanainn 69,788 27,316

Sa gcomhairle atá i bparóiste Lonan
is mó a chuir mise suim. Sé an líon
céanna tithe atá ann agus atá i
bparóiste Charna. Fuair mé amach cá
raibh an oifig acu. Dúradh liom go
mbeadh an cléireach ansin - bíonn

cléireach ar chuile chomhairle. Bhí an oifig dúnta an chéad lá a ndeachaigh mé isteach ach dúradh liom ansin nach mbíonn sí oscailte ach laethanta áithrid den tseachtain. Lá ama mhárach tháinig mé arís ann agus bhí an cléireach agus cathaoirleach na comhairle romham.

Trí lá den tseachtain atá an cléireach fostaithe. Tagann £35,000 isteach as rátaí chuile bhliain. Cúigear tofa atá ar an gcomhairle. Bíonn cruinniú acu uair sa mí ar a laghad. Is iad atá freagrach as bailiú an bhruscair sa bparóiste, bíonn plé acu le riaradh na reilige agus bíonn siad seasta síoraí ag cur riachtanais na háite os comhair an rialtais láir. Siad féin a bhailíonn na rátaí. Tá fógra crochta in oifig an phoist freisin go bhféadfaidh tú na rátaí a íoc ansin mura bhfuil fonn ort dul chuig an oifig láir. Chaith an cléireach tamall ag obair sa Sciobairín sa tír seo agus ba mhór an chúis gáire dó an chaoi a bhfuair rialtas na hÉireann réidh le rátaí sa mbliain 1977. "Cén chaoi ar féidir a bheith ag caint ar chóras rialtas áitiúil gan rátaí de chineál éicint?" a d'fhiafraigh sé díom.

Níor cheart a cheapadh ón méid atá ráite agam go bhfuil chuile shórt ceart ar oileán Mhanainn. Níl. Ach ar a laghad tá smacht acu ar a saol agus is féidir leo athruithe a dhéanamh go scioptha más é sin a mian. Tá gluaiseacht náisiúnta ar an oileán - Mec Vannin - agus deir siadsan go bhfuiltear ag brath ró-mhór ar na bancanna agus ar thionscail an airgeadais tríd is tríd - "tax haven" é oileán Mhanainn seachas rud ar bith eile. Deir Mec Vannin go bhfuil faillí



• Cruinniú Poiblí Rialtas Mhanainn a thagann le chéile faoin aer chuile bhliain ar an 5ú Iúil.

á dhéanamh sa talmhaíocht, san iascaireacht agus sa tionsclaíocht agus go bhfuil nádúr na háite á scrios. Deir siad freisin go gcaithfear srian a chur leis an méid daoine atá ag teacht isteach nó go gearr gur stráinséirí ar fad a bheas ar an oileán.

Bhí comhrá fada agam le rúnaí na

heagraíochta - Illiam Costain. Chuir sé an-spéis sa méid a d'inis mé dó faoin eagraíocht CUMHACHT agus dúirt sé gur mhaith leis a theacht go Conamara le labhairt linn.

Sílím gur mhór ab fhiú dúinn fáilte a chur roimhe.

Tigh Durkan

An Tulach, Baile na hAbhann

**Grósaeirí • Gás
Nuachtáin**

Teil: 93156

An Droighneán Donn

Sráidbhaile an Spidéil



Bialann & Beár

Fear na Curaighe a Chuaidh go Tamhain

Sliocht as an leabhar 'Peadar Chois Fharraige' – bailiúchán de sheanchas a thóg Seán Mac Giollarnáth ó Pheadar Mac Tuathalláin. Ba as an Teach Mór, Cois Fharraige, do Pheadar Mac Tuathalláin ach chaith sé an chuid is mó dá shaol ina chónaí i nGaillimh ar an bhFaiche Beag áit a bhfuair sé bás i 1930. Tá litríú na Gaeilge fágtha mar a bhí sé sa gcéad eagrán ach gur sa gcló Rómhánach atá sé.

Bhí fear thiar i mBaile an Tighe Mhóir. Fuair sé curach nua déanta agus go deimhin ní fear curaighe a bhí ann mar ní raibh sé luath ná láidir agus níorbh fhearr a bheith. Ní raibh aon easna ina choirp nach raibh ordlach nimh uirthé. Bhí sé chomh bastalach nuair a fuair sé an churach agus go ndeachaidh sé i gcomórtas le togha na bhfear fairrge agus ag Dia atá 'fhios má chuaidh leis.

D'éirigh sé an mhaidin seo agus sheas sé ar aill a bhí ag tóin an tighe. Chonnaic sé cosamhlacht aoibhinn álainn ar an lá. Dubhairt sé leis féin go ngabhfadh sé ag iasgach. Nuair a d'ith sé a bhriceasta d'imthigh leis. Ghlaigh sé ar an mac leis an gcurach a chur síos i n-éindigh leis. Nuair a bhí an churach thíos chuaidh sé agus thóg sé baoidhtí. Nuair a bhí sé réidhtithe le gabhail ar an gcurach chonnaic sé an rón chuige aniar trí chuisle, agus 'sé an t-ainm a bhí ar an gcuisle Lochán na Leathóg. Níl deis chothuithe críochnuithe ag an rón ach leathógaí, agus bhíodh

leathógaí ins an lochán seo. Bhí láidhe ar a ghualainn aige, tar éis a bheith ag baint na mbaidhtí. Lean sé an rón leis an láidhe, ach d'éirigh leis an rón go raibh an oiread uisce aige agus thug ar an domhain é.

D'imthigh leis an bhfear agus chuaidh sé sa gcurach agus chuaidh sé amach go dtí áit a dtugtar Barr na Cora air. Bhí sé ag imtheacht anonn is anall ag cuartú bráighte. Dá n-éirigheadh leat bheith idir an stopóg agus an léasán, déarfá leat féin go raibh bráighte iasgaighe agat. Sgaoil sé amach an chloch théide agus nuair a shásuigh sé a intinn fuair sé a chuid druibhthe faoi réir agus thosuigh sé ag iasgach. Bhí sé ag marbhú corr bhallach, corr ronnach, agus corr mhangach le n-a dhorugha marbh (an ceann atá leigte i ndiaidh na curaighe). Nuair a d'árduigh an taoille bhuail an t-iasc a gceann fúthab. 'Séard tsórt duine a bhí ann duine leisgeamhail agus duine mór-chodlatach. Dubhairt sé leis féin go dtáinig ceo codlaidh air. Luigh sé amuich i dtosach na curaighe. Pé brí céard d'éirigh do'n

téad gearradh í agus bhí daoine ag déanamh amach gurb é an rón a ghearr í nuair a fuair sé ina chodladh é. Bhí fuaradh beag dhe ghaoith aniar díreach ann, agus, barr ar an ádh, an lá céadna, ní raibh curach ná bád ar an bhfairrge. Bhí an churach ag imtheacht léithe agus sé an áit ar bhuail sí talamh i dTamhain.

Bhí beirt bhan ag cruinneáil feamainne ins an gcladach agus bhreathnuigheadar isteach sa gcurach. Chonnaiceadar fear. Ní raibh fhios acab beo ná marbh é. Sganruigheadar. Chuadar abhaile. D'innsigheadar a sgéal. Tháinig Tadhg Ó Clúnáin anuas agus Mícheál Ó Fatha agus Domhnall Ó Beirn. Chuaidh Tadhg Ó Clúnáin anonn agus chraith sé an fear sa gcurach. Nuair a d'éirigh sé agus bhreathnuigh sé faoi is thairis, agus chonaic sé na daoine nach bhfaca sé ariamh cheana bhí sgéin an mhurdail idir a dhá shúil. D'fhiafruigh sé díob go huafásach cén n-áit a raibh sé. Chuaidh sé amach as an gcurach. Bhreathnuigh sé ar an téad. "Tá sin déanta," adeir sé. D'fhiafruigh na fir dhó céard a tharla dhó. D'innis sé dóib. Chuireadar suas an churach agus thugadar an fear ag an teach. Fuair sé díol an rí dhe dhinnéar. Nuair a bhí an dinnéar caithte aige d'fhiafruigheadar dhó cérb as é. D'innis dé dhóib. D'imthigh Domhnall Ó Beirn. Thug sé capall srian is diallaid leis. Chuir sé sgéal i

An Crúiscín Lán

An Spidéal

**Beár – Bia na Mara
Ceol & Craic**

091-83148

Gach dea ghruí don fhéile ó

**COMHLUCHT
IOMPAR EARRAÍ**

(Micilín & Tess)

An Cheathrú Rua Teil: 95214

Siopa – Beatha Beithíoch – Gual

mbarr bhata go Baile an Tighe Móir. Dubhairt sé leob go raibh Micil Ó Céide slán sábháilte agus go mbeadh sé sa mbaile san oídhche lá ar n-a bhárach.

Nuair a bhí roisín caithte acab chruinnigh an t-aos óg isteach, mar is gnás é atá i gach uile tír nuair a thiocfaidh stráinséara ar an mbaile. Thosuigh ceol agus damhsa.

Ar maidin lá ar n-a bhárach nuair a fuair sé an lá, gléasadh a bhriceasta dhó, agus an togha. Cuireadh ciseán mór chun fairrge leis le arán, tae agus bainne, agus de dhéanta na fírinne ní raibh aon ghnaithhe dhe bheagán aige. Níor facthas ariamh é gan a ghoile a bheith ar chúl a ghlaice aige. D'imthigh muinntir an bhaile trí chéile agus thíolacadar chun bealaigh é. Chraith sé lámh leob agus b'fiú dhó. Rug sé ar a dhá mhaide rámh. Bhí sé ag baint buille as. Chonnaic sé bád ag éirge amach as Droichead an Chláirín. Chuir sé a hata i mbarr an mhaide rámh. Nuair a chonnaic na bádóirí é rinne

siad air agus cé bheadh ann ach Máirtín Bheartla Mhac Chon Fhaola as Leitir Mealláin. D'fhiafruigheadar dhó cé raibh sé ag gabhail. Dubhairt

sé gur go Carraig an Mhatail é. Chaitheadar ceann téide aige agus tharraingigheadar ina ndiaidh é go ndeachaidh sé do'n Mhatal.



• Inis Meáin ó Dhún Chonchúir

ostán an dóilín

An Cheathrú Rua
Fón: (091) 95177/95169



Rogha an Óil—Togha an Cheoil

Oscailte ar feadh na bliana
Ceol gach Deireadh Seachtaine
Déanfar freastal ar gach cineál ócáid,
Páirtí nó Bainis

BIALANN

Spraoi – Spóirt – Craic

KILKERRIN
SALMON

Conamara
Teil: 095-33466, 33467, 33432
Facs: 095-33468

*Go n-éirí go geal le
Pléaraca 1992*

• **Óst na nOileán** •
Tí Lee

Leitir Mealláin 81161

Óst & Bialann
Ceol gach
deireadh seachtaine

T. Ó Máille Teo.

Ros Muc, 091-74101

Grósaer, Crua-earraí,
Soláthraí Tógálaithe,
Éadathóireacht

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

OIFIG
AN PHOIST

CAMUS

Pádraig Ó Conghaile

• **SIOPADÓIR** •

Camus Uachtar, Camus, Co. na Gaillimhe

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Teach Ósta na Páirce
& Teallaí na Páirce

Páirc, An Spidéal
Teil: 091-83159 Facs: 091-83494

Úinéirí: Nóirín & Seán Ó Foighil

Óst na Mara

• NA FORBACHA •

Bear, Sneoiceanna
Ceol Traidisiúnta

Teil: 091-92391

An Púcán

Sráid Forster, Gaillimh Teil: 61528

Function & Nite Club
Beár & Bia
Ceol gach Oíche
Cóisir Breithlá srl

Tígh Phlunkett

Leitir Móir

• **Siopa** • **Bureau de Change** •
• **Beár** • **Posta** • **Peitreal** •

*"Má bhíonn tú thart,
nā tēlgh thairle"*

cúirt leadóige, áit spraoi le haghaidh gasúir, suíomh campála agus ionad eolais ann. Beidh na háiseanna seo ar fáil do dhaoine atá ag fanacht sa Bhrú agus do dhaoine atá ag fanacht in áiteacha eile sa gceantar, i loistin nó i dtithe saoire.

Beidh saothrú le fáil ann ag go leor daoine, a mhairfidh an chuid is mo den bhliain, mar go mbeidh imeachtaí ar bun san Ionad ar feadh na bliana. Creideann muid gur féidir linn an tIonad a choinneáil gnóthach ar feadh an tsamhraidh ag freastal ar lucht saoire agus ar feadh an chuid eile den bhliain ag freastal ar ghrúpaí scoile ón tír seo agus ó thíortha eile.

Tá Plean Gnó don Ionad Eachtraíochta againn anois. Le trí bhliana anuas tá obair mhór dáanta againn, forbairt a dháanamh ar cheantar nar dáanadh aon infheistíocht ann, ó thóg an BSL an staisiún ginte i 1952. Tá airgead dhá bhailiú faoi láthair againn, le crannchur, chun tús a chur leis an tógáil.

Thug an BSL, an tÚdarás agus FÁS an-chúnamh dhúinn, le go bhféadfaimís teacht chomh fada le seo. Anois agus muid ar ár gcosa agus muid diocasach le tabhairt faoin bhforbairt seo, beidh Ionad Eachtraíochta Scríbe faoi lán tseol i gceann bliana, mura gcliseann na heagraíochtaí stáit orainn an cúnamh atá geallta a chur ar fáil.

— Máire Uí Ghiobúin

TIGH MHC OIREACHTAIGH

Ollmhargadh
Búistéar
Bureau de Change
Western Union
LOTTO

Tell: 095-32239

Gach rath ar Phléaraca Chonamara

Saortha Chamuis Teo.

Tógáil & Déantúsaíocht G.R.P.

Camus, Co. na Gaillimhe 091-74202

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Tigh an Táiliúra

An Cheathrú Rua

Beár, Ceol agus Craic
gach Deireadh Seachtaine

TEACH ÓSTA UÍ FHLATHARTA

Doire Né, Casla, Conamara

Buail isteach agus
Bíodh Deoch nó Beatha agat

Beidh Fáilte Romhat!

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

SIOPA UÍ CHUALÁIN

Baile na Cille
Teileafón: 091-81116

Siopa Uí Chonghaile

Leitir Mealláin

Grósaer, Peitreal, Gáis
Beatha Beithíoch srl.
091-81112

Nuair a tugadh cuireadh dom a bheith páirteach i "Brest 92", an taispeántas báid traidisiúnta is mó ar domhan, bhí an-ríméad orm. Bhí mé le currach a thógáil mar chuid de na céadta imeachtaí a bhí eagraithe don ócáid.

Rinne mé cuid den obair sa mbaile mar theastaigh uaim a bheith in ann an currach a chríochnú agus a chur ar uisce taobh istigh de cheithre lá.

B'aisteach an radharc muid ag teacht amach as an "ferry" agus ag tiomáint siar tríd an Fhrainc. Timpeall orainn bhí carranna leo siúd a bhí ag dul ar saoire agus iad ag déanamh iontais faoi mo charr-sa le cúigear inti agus ualach mór adhmaid ar an díon. In éindigh liom bhí mo bhean Kay, m'iníon Róisín agus mo bheirt mhac, Colm agus Donncha.

Thosaigh muid ar an Déardaoin an 9ú lá san ionad a bhí réitithe dúinn agus is beag deis a tugadh dúinn ár n-anáil a tharraingt idir sin agus an Mháirt dar gcionn. Bhí an-suim go deo acu sin a bhí ann san taispeántas léaráidí, seanphictiúir, múnlaí srl. a bhí againn san ionad agus ar an sráid amach ar aghaidh an ionaid bhí sé an-deacair ormsa aon obair a dhéanamh ar an gcurrach leis na sluaite a bhí i gcónaí timpeall orainn.

Bhí muid ó mhaidin go hoíche ag



Brian Ó Carra agus Ruaidhrí Ó Tuairisg ag iompar an churraigh len é a sháthadh san sáile don chéad uair. Tá Donncha Ó Carra ag iompar an maide rámha chun tosaigh.

Tógáil Curraigh sa Bhriotáin

Brian Ó Carra

freagairt ceisteanna faoi Iarthar na hÉireann. Bhí ualach maith bróiséir againn ó "Chósta Chonamara" agus ní raibh siad i bhfad ag imeacht. Tá mé ag súil go mbeidh méadú mór i líon na gcuairteoirí a thiocfas chugainn ón Eoraip dá bharr.

Cé nach raibh aon seastán eile ón

tír seo ann ní raibh muid uaigneach mar bhí cúig cinn de bháid mhóra na Gaillimhe gar dúinn ag an gcéibh. Bhí an "Mac Duach", "An Lady Mór", "An Saint Partick", "Cliona" agus "An Morning Star" ann. Fuair mé chuile chabhair uathu. Tar éis dom an fhuáil a chríochnú ar an gcanbhás tháinig slua acu aníos leis an gcéad chóta tarra a fheiceáil dá chur ar an gcanbhás. Bhí siad arís ann tráthnóna Dé Luain leis an gcurrach a iompar agus í a chur ar uisce don chéad uair. Níor briseadh aon bhuidéal fíona uirthi ag an lánáil ach bhí an-chraic againn.

Thugamar linn abhaile an churrach ar dhíon an chairr agus tá sí anois ag céibh Bhearna. Meastú an í sin an chéad churrach a déanadh sa bhFrainc le n-úsáid i gConamara? •



Brian Ó Carra ag cuir an chéad cóta ar an gcurrach a rinne sé i mBrest na Briotáine. Tá a bhean Kay ar thaobh na lámha deise dhó.

Ag an bhFéile bhí 3,400 bád, 13,000 duine ag seoltóireacht iontú, 900 seastán de gach sórt, taispeántais agus 1,500,000 cuairteoir. Beidh an chéad Fhéile ann i 1996.

Cill Chiaráin

Sliocht as an leabhar Conamara Theas- Áit agus Ainm – aistriú Gaeilge a rinne Liam Mac Con Iomaire ar Mapping South Connemara le Tim Robinson. (Foilsithe ag Coiscéim, £5).

COINNIGH ORT SOIR BÓTHAR AN chósta ón mBantrach Ard agus tiocfaidh tú go dtí *An Chathair*, cuid de bhaile fearainn Chill Chiaráin a fuair an t-ainm ardnósach sin mar gheall ar fhir cheirde nó ceardaithe bheith ina gcónaí ansin tráth. Tá an duine deireanach de cheardaithe áitiúla ár linne féin, Mícheál Ó Ceannabháin, gabha, ag cleachtadh a cheirde fós ina cheárta i leataobh an bhóthair ag tús an chéad bhaile eile, *Aill na Brón*. Deirtear liom go bhfuair Aill na Brón a ainm ó aill atá ar an gcósta anseo a ngearrtaí brónna muilinn (quern stones) aisti sa tseanaimsir. Is dócha go bhfuil cineálacha áirithe eibhir ann atá níos feiliúnaí ná a chéile i geomhair na hoibre seo; tá cineálacha éagsúla cloiche eibhir sa réigiún seo, ó thaobh cruas na cloiche féin agus ó thaobh líon na gcristal sa gloch. Tá an aill áirithe seo le taobh na sean-ché a dtugtar *An Chéibh Bheag* uirthi, atá tógtha ar an ngóilín farralgc, díreach sula gcasann an bóthar agus an cósta o thuaidh. *Coirnéal na gCuag* nó *Cora na gCuag* atá ar an gcoirnéal seo, i ndiaidh clann den sloinne sin atá ina gcónaí ann leis na glúnta. Tá seanbheairic na bpóilíní, nach bhfuil fágtha anois di ach na ballaí, marcálta ar mhapa Suirbhé Ordanáis na bliana 1839.

Tá bóthar ag rith suas in aghaidh an chnoic ón gcoirnéal seo i dtreo Chnoc Bhinn Bhuí (agus deirtear liom go mbíodh 'pátrún' ar bharr an chnoic anseo). Gar do dheireadh an bhóthair tá tobar beannaithe, *Tobar Mhuire*, log beag i gloch a bhfuil scrín bheag chloiche ina thimpeall. Tá mullán (bollán) cloiche gar do láthair, atá thart ar 2'6" ar airde agus tá sé ráite gur caitheadh an chloch i bhfarraige agus go raibh sí ar ais ina háit arís go míorúilteach, an mhaidin

dar gcionn. Le taobh an tobair tá mar bheadh *leaba* dhronuilleogach chloch, agus ba mhaith liom a fháil amach an raibh aon deasghnáth nó aon traidisiún ag baint léi.

Tugann sé sin go baile Chill Chiaráin féin muid, lena dhá theach tábhairne, oifig an phoist, scoil, séipéal agus araile, agus thíos cois an chuain tá monarcha Arramara Teo., áit a dtagann feamainn ar leoraithe ó thimpeall an chósta go léir, lena dó ina luaith sna tornóga móra sorcóireacha. Bhíodh an lastlong St. Ronan ag tarraingt le cé anseo go minic, le luaith na feamainne a thabhairt chuig Alginat Industries in Albain le tuilleadh próiseála a dhéanamh uirthi (ach tá leoraithe curtha in áit na loinge le tamall anois). Nuair a bhíos an phróiseáil ar fad déanta úsáidtear ailgionáit na feamainne le tiúchan (tiubhachan) a dhéanamh ar phéint, ar ábhar smididh (cosmetics) agus ar ábhar bia.

Ciallaíonn Cill Chiaráin, ar ndóigh, 'séipéal Chiaráin', an naomh a deirtear a tháinig thart sna bólaí seo agus é ar a bhealach go dtí *Ara na Naomh*, áit a raibh sé ina dhiaidh sin ina dhalta ag Naomh Éanna sula ndeachaigh sé agus ar bhunaigh sé Cluain Mac Nóis. Tá a thobar beannaithe, Tobar Chiaráin, cois an chosáin atá ag dul suas taobh an chnoic, díreach ó thuaidh den reilig. Taobh thuas den reilig tá seanbhalla beag dronuilleogach a dtugann an Suirbhé Ordanáis St. Kieran's Church air agus a dtugann muintir na háite An Chill nó Leaba Chiaráin air. Sa tsean-chuid den reilig, istigh sa lár, tá mar bheadh altóir atá cosúil le bosca déanta as clocha, a d'fhéadfadh a bheith an-sean. Ar an 9ú lá de Mheán Fómhair, Lá Fhéile Ciaráin, tugann daoine turas ag na trí láthair atá luaite agam agus déanann siad seacht dtimpeall ag gach aon cheann acu.

Díreach ó thuaidh den reilig tá bóthar ag dul isteach faoin tír tríd an nGleann Mór agus ansin siar i dtreo Chladh Fhínse. Ag an gcasadh sa mbóthar seo, leathmhíle isteach ón gcaladh, tá sé marcálta ar Chairt Aimiréalachta na

bliana 1868 go raibh 'Glenmore House' agus 'Model Farm' ann. (Níl siad seo marcálta ar mhapaí Suirbhé Ordanáis na mblianta 1839 ná 1899). An bhféadfadh aon duine tada eile a insint dom fúthu? Ba le Nicholas Lynch (duine de Loingsigh Bhearna) Cill Chiaráin agus na bailte fearainn sléibhe atá ina thimpeall - Leitir Poibrum, Seanach Dónaill, Glionnán agus Caladh Fhínse - i lár an chéid seo caite. Bhí muileann plúir is coirce freisin aige (cé go raibh sé folamh nuair a cuireadh Griffith's Valuation i bhfeidhm go gairid roimh 1855); is cosúil gurb é seo an muileann mór atá ina fhothrach anois, taobh ó thuaidh de bhaile Chill Chiaráin ar *Abhainn an Mhuilinn* nó *Sruthán na Teorann* mar a thugtar freisin air.

Bhí baile fearainn eile, Beitheach Átha (*Bé Chatha* a deirtear) atá taobh thiar de Sheanach Dónaill, i seilbh na Loingseach freisin. Ciallaíonn *beitheach* coil beithe (birchwood) agus ciallaíonn *áth*, ar ndóigh, bealach trasna abhann. Tá Beitheach Átha chomh fada as an mbealach nach bhfuair mé seans é a lua roimhe seo. Ní raibh aon chónaí ann le fada an lá, ach de réir mhapa na bliana 1839 bhí trí theach cónaithe sa *tamhnach* idir an cnoc a dtugtar Beitheach Átha freisin air (Beaghy i mbéarla) agus an loch, *Loch Thamhnach Bheitheach Átha* (Beaghy Lough ar an Suirrhé Ordanáis). Bhí an baile fearainn seo ar cheann de na bailte a cheannaigh an eagraíocht ar a dtugtar *an Irish Waste Land Improvement Society* mar aon le go leor bailte sléibhe ina thimpeall, agus go leor de Chill Chiaráin, thart ar an mbliain 1845. Ba é aidhm na heagraíochta daoine a mhealladh le cur fúthu i gceantair aduaine den chineál seo trí chíos íseal agus deontais i geomhair draenála agus tógáil fála a thairiscint dóibh. Cé gur éirigh go maith leis an scéim ar dtús thit sí as a chéile ar fad de bharr an Ghorta Mhóir, agus faoi lár na 1850aí bhí na ceantair seo ar ais arís i lámha na n-iar-úinéirí, Loingsigh Bhearna.

Sula bhfágaim Cill Chiaráin luafaidh mé dhá ainm áite eile i dtuaisceart an bhaile fearainn. Ar dtús, ceathrú míle suas ón séipéal, tá *Loch na Sióg* agus, ansin, díreach taobh ó dheas den teorainn le Coill Sáile tá *Crompán na bhFiann*. Is cosúil le dhá ainm iad sin a mbeadh scéalta ag baint leo, scéalta nach bhfuil cloiste agamsa fós.

(Tá muid fíorbhuíoch do Liam Mac an Iomaire agus do Tim Robinson, a thug cead dúinn an mír seo a fhoilsiú.

D'éirigh comhfhreagras san iris acadúil "Irish Geography" idir an tOllamh le Tíreolaíocht Breandán Mac Aodha agus Tim Robinson:

[...] One must commend Tim Robinson highly for attempting a very complex and urgent task. His energy and enthusiasm ought to put many professional scholars to shame. He has displayed remarkable patience and tenacity of purpose in seeking to unravel the almost forgotten toponymy of the Carna peninsula. Unfortunately, one of the basic tools essential for that task, namely a deep understanding of the Irish language, seems lacking. This failing is coupled with an insufficiently critical approach to the contribution of local informants. Ignorance abhors a void. Even in O'Donovan's day stories were being concocted to 'explain' obscure place-names. The outcome of these two weaknesses is that the work is marred by some derivations which are etymologically unacceptable.

Tobar na hIfearnan (p. 53) is linguistic nonsense. The definite article is normally followed by eclipsis in the genitive plural so that *Aill na Brón* (p. 55) is incorrect: in any case the standard plural is *brónna*, so that the proper form would be *Aill na mBrónna* ('the cliff of the quern stones'). Similarly *Loch na Calgaí* (p. 9) ought to read *Loch na gCalgaí*. *Cuan an Chailín* could not possibly render. '(St) Cailin's Bay' since the definite article could not precede a personal name in Irish any more than it could in English one does not say 'The Peter's Point' 'The Helen's Harbour' 'The Roderick's River' 'The Cathleen's Cliff'. 'Sceird' is a feminine noun so that the following adjective requires aspiration *an sceird bheag* must replace *an sceird beag* (p. 32). The same applies in the case of *an scaip mhór* (p. 37). The plural of 'scoláire' is 'scoláirí' so that the 'scholars' road' ought to be rendered *Bóthar na Scoláirí* (p. 50). There is no such word as 'mulán' even the English transliteration Mullaun Rocks (p. 51) retained the double l. 'Glasóg' is a feminine noun so that *Easc an Ghlasóg* (p. 11) should read *Easc na Glasóige* 'the hollow of the wagtail'. *Loch Buaille* (p. 71) rings false as do *Loch Poibrum* (p. 14), *Binn an Duine* (p. 11) and *Roisin na Mainiach* (p. 47). *Tamhnach Ruaidí* (p. 22) is probably a misprint for *Tamhnach Ruairí* [...]

Despite all these failings one cannot but welcome this little work. It does bring into juxtaposition a rich mass of facts and folklore relating to numerous features of the Carna landscape. It gives promise of better work to come. For the moment, however, all that is on offer is a lively guide for the keen amateur rather than a polished piece of professional scholarship.

Breandán S. Mac Aodha
(Iml. 19, Irish Geography)



Foilsíodh an píosa seo ó Tim Robinson in imleabhar 21 de Irish Geography mar fhreagra

MAPPING SOUTH CONNEMARA. A REJOINDER

Breandán Mac Aodha, in his review of my Mapping South Connemara says that I seem to lack the deep understanding of Irish essential to my toponymical ask. I certainly do not claim a deep understanding of the language, which indeed I picked up as best I could in the middle of a busy lifetime. However, I have been working on Connemara placenames for many years now, I take much expert advice, and in general I feel no need to bow before Prof. Mac Aodha's standard Irish. In fact the little lectures on elementary grammar in his review are not only insulting and redundant, they are, amazingly, for the most part incorrect.

For instance, Prof. Mac Aodha says my *Aill na Brón* should be *Aill na mBrónna*: but since brón is a variant genitive form of bró, my version is perfectly grammatical and to emend this well-known placename would be absurd. Similarly he says my *Loch na Calgaí* should be *Loch na gCalgaí*, but since calgach is a

Foilsithe le caoinchead Tim Robinson, Folding Landscapes, Cloch na Rón

collective noun like giolcach, his suggested plural form is unnecessary; in any case there is no 'g' sound in the spoken name. Rúaidí is not a misprint for Rúairí, but a dialect form of it. There is nothing wrong with my *Aill an Duine*; placenames involving *duine*, person, are in fact rather frequent, usually referring to a place where someone died by falling or drowning. *Mulán* is a well-established variant of *mullán*; I find it in T. Ó Máille's fine old book on Connemara Irish. An Béal Beo, and in Seán Mac Giollarnáth's transcripts of Connemara lore, and I could not wish for two better authorities. Further, the remark that even the English transliteration 'mullaun' retains the double 'l' is quite pointless, for what sound would 'mullaun' be supposed to represent?

Prof. Mac Aodha's other remarks I largely disagree with, but they are within the bounds of legitimate criticism. Those I have rebutted above suggest to me the academic's urge to find fault with the amateur!

- Tim Robinson, Roundstone

Fáigheann daoine an-oibrithe faol logainmneacha!
(An tEagarthóir).



An tSean-Chéibh, an grúpa ceoil a ghnóthaigh an chéad duais sa gComórtas Pan Cheilteach, le haghaidh amhrán nuachumtha i nGaillimh i mbliana. Tá cónaí ar cheathrar den ghrúpa sa Spidéal. B'é Gearóid Ó Murchú, ar dheis, a scríobh an tamhrán.

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

J.P. MYLOTTE

CARNA

**SIOPA
GRÓSAERA**

LALLY COACH HIRE

• Gaillimh •

Teil: 091-83555/62905

*Coach & Mini-Coach
Hireál Dríbhádasach
Turascanna srl*

14-53 suíocháin

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

**KEANE'S
BEARNA**

IONAD GARRAÍODÓIREACHTA
Torthaí & Glasraí, Beatha Beithíoch, Straighin
Teil: 091-92000

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

**Cogaslann
& Bláthlann
Uí Mhistéil**

An Cheathrú Rua 091-95154

Sruth Geal Teoranta

• Gorlann •

Cnoc a'Daimh
Camus, Co. na Gaillimhe

Go n-éirí leis an bPléaraca

Teil: 091-74237

Go n-éirí leis an bhFéile

**Siopa Caifé
Radharc na Locha**

Camus

**Teach Mór
Scribe**

Scrib, Co. na Gaillimhe

**Teach aíochta
Iascaireacht ar Albhneacha
agus ar Locha**

*Go n-éirí go geal le
Pléaraca Chonamara '92*

TIGH CHLARKE

• ROS MUC •

BAR & CEOL

SIOPA

FUNERAL HOME • ADHLACÓIR

74152/74126

Tigh Henry

An Drum, Leitir Mealláin. Teil: 091-81106

Bear, ceol & craic!

— Seirbhís Sochraide —

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca

Le gach dea ghní ó

Tigh Chadhain

Cill Chiaráin

• Siopa Grósaer & Beár •

Tigh Cholchúin

An Cheathrú Rua

Siopa Grósaera

& Téipeanna Ceoil

091-95164

TURASÓIREACHT CHONAMARA & ÁRANN

Camus, Co. na Gaillimhe Teil: 091-74143/74202

1. Turasóireacht mar chuid de fhorbairt an cheantair.
2. Páirtíocht an phobail i bpleanáil agus forbairt an cheantair
3. Tairbhe forleathan ón dturasóireacht
4. An Ghaeilge agus a cultúr mar bhunchloch
5. Turasóirí a choinneáil sa gceantar.
6. Dóthain áiseanna agus imeachtaí a chur ar fáil.
7. Saothrú fiúntach sa mbaile

Go n-éirí go geal le Pléaraca Chonamara

Grianghraf ar leathanach 55:
Máirtín Jalmsie Ó Flatharta i mbun céipear damhsa Tigh Antaine Lee níos túisce i mbliana.
Grianghraf le Bob Quinn ón taispeántas 'Muintir Chonamara & Árann' atá ar siúl i nDánlann Ealaíne an Spidéil i rith Seachtain an Phléaráca.

Taispeántas Béaloideas: Bailiúchán na Scol i gConamara.

Ins na triochaídh chuir an Coimisiún le Béaloideas Éireann, i gcomhar leis an Roinn Oideachais, bailiúchán béaloideas ar bun i scoileanna na 26 condáe. Tosnaíodh ar an mbailiúchán i 1937 agus críochnaíodh é i 1939. Bhailigh na daltaí scoile, i gcomhar leis na múinteoirí, cuimse ábhar a bhain le gach aon ghné den bhéaloideas - scéalta, amhráin, rannta, paidreacha, eachtraí, stair shóisialta agus arailé.
Bailiúcháin fíor thoirtíúil is ea é; tá os cionn 1,000 imleabhar ann. Tá sé le feiceáil inniu sa Roinn Bhéaloideas Éireann i gColáiste na hOllscoile, B.A.C.

Tá an bailiúchán a dearnadh i scoileanna na Gaillimhe ar micreascannán i Leabharlann an Chondae i nGaillimh. Bhí an-spéis ag Coiste Oidhreacht na nOileán ins an mbailiúchán béaloideas a dearnadh i scoileanna Chonamara. Bheartaigh siad dá bhrí sin blaiseadh beag de Bhailiúchán na Scoi i gConamara, a chur ar taispeántas mar chuid de Fhéile Phléaráca Chonamara.

Beidh an taispeántas dhá oscailt ar an Luan, an 14ú Meán Fómhair ag 7.30pm sa Chlúid, Tír an Fhia agus beidh sé oscailte don phobal gach lá le linn na féile óna 10.00am go 5.00pm trathnóna. Is fiú go mór cuairt a thabhairt ar Mhuintearas le breathnú air. B'fhéidir go mbeadh mír éicint le feiscint ann a bailíodh uait féin, má bhí tú ar scoil ag an am, nó ó do shínsir mura raibh. Is sampla eile é seo den sár obair atá ar bun ag Muintearas, lena noidhneacht luachmhar a chaomhnú.

£29
Aistear Filte

**Aer
Árann**

Aerfort Chonamara

6
Nóiméidí

Eitiltí Laethúla go dtí

Oileáin Árann

Amanna Fágála:
09.30 • 11.00 • 16.00 • 17.00
Beár iomlán ag an Aerphort
Seirbhís bhus
ó Gaillimh agus Br na Trá
Turasanna eagraithe

Oifig Eolais:
AER ÁRANN
Aerfort Chonamara
Caisleán, Indreabhán
Facs: 091-93238



Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Réalt na Maidne

An Cheathrú Rua Teil: 95193

Beár, Lón agus B&B

Tigh Tuathail

Doire Nè, Casla Teil: 72122

**Oifig an Phoist, Casla
Grósaer & Trádálai
• LOTTO •**

Tigh Pheadair Mhóir

Bóintreach, Baile na hAbhann

• **Beár** •

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Tigh Mhic Dhonnchadha

Oifig an Phoist
Grósaer

Béal a'Daingean
091-72126

The Twelve Pins

**Beáranna • Bialann
Áiseanna Sóisialta
Seomra Cruinnithe
Bia na Mara & Á la Carte**

Muintir Lawless
Teil: 091-92368/92485/93041

Tithe Saoire na nOileán

Eanach Mheáin, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-81163, 72348 (baile) Facs: 091-81146

Tithe Saoire ar Cíos
Oscailte an Bhliain ar fad

Gach eolas ó Pádraig Ó Conghaile

Tigh Rory

Leitir Móir • 8.30am - 8pm

• **Siopa** •

Gás • Gual •


Beatha Beithíoch • Blugas

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

• SIOPA & ÓSTA • Tigh Mhicó

Ros Muc 091-74121

**Ceol Tridisiúnta • Smailceanna
Peitreal • Leabharlann Fistéipeanna
Gual • Flo-gas
Seachadadh saor in aisce**



Áras Mháirtín Uí Chadhain

Ionad Gaeilge Choláiste Ollscoile na Gaillimhe • An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Riaradh: Pleananna Gaeilge do Theaghlaigh gan Ghaeilge

Ranganna Gaeilge do Thusmitheoirí agus do Dhaoine Fásta ó Charna go Camus go dtí An Spidéal.

Pleananna Gaeilge i gcomhair le coistí Áitiúla agus Comharchumainn.

Reachtáil: Scéim fostaíochta Sóisialta • Cúrsa do Chúntóirí Gaeilge • Tionscadal Oiliúna don Óige sa Phobal

Cúrsaí éagsúla trí Ghaeilge: Próiseáil Focal, Ríomhaireacht, Garchabhair, Ceamara Físe, Ealaíon srl.

Maraon le seirbhís leabharlann Ghaeilge, seirbhísí oifige, clóscríobh, fótóchóipeáil, facs.

Chomh maith le Dianchúrsa Gaeilge do Mhic Léinn & do Dhaoine Fásta, Cúrsaí Gaeilge Lss do ghrúpaí.

Go n-éirí go geall le Pléaráca Chonamara!



Comharchumann Shailearna Teoranta

Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Teil: (091)93017, Facs: (091)93017



Fód Glas Teo.

Na hAille,
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.

Teil: (091)93017, Facs: (091)93017

• CUR CHUN CINN CULTÚIR, FOSTAÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ •

forbairt na gaeltachta



*Caomhnú na
teanga agus an
Chultúir Ghaeltachta -
tá páirt thábhachtach
agatsa san obair !*

 **Údarás na Gaeltachta**

Na Forbacha, Gaillimh Teil. (091) 92011 Teileacs:50159 Facs:92037